
# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012



Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**“Ag coinneáil ardchaighdeáin cáilíochta agus seirbhíse i 2012.”**

Grianghraf clúdaigh den Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath, a glacadh mar chuid den fheachtas 'Deargaigh Baile Átha Cliath' ar Lá Domhanda na nDeontóiríFola 2012.

# Clár

**Réamhrá an Chathaoirligh** 3

**Tuairisc an Chathaoirligh** 5

**Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh** 13

**Tuairisc an Stiúrthóra Míochaine agus Eolaíochta** 17

**Oibríochtaí** 21
- Seirbhísí Deontóra 21
- Staitisticí Deontóra 26
- Seirbhísí Ospidéil 28

**Tástáil** 29
- Thástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN) 30
- Víreolaíocht 31
- Uathghrúpáil Deontóirí NHIRL 34
- Diagnóisic Bhaile Átha Cliath 36
- Diagnóisic Chorcaí 37

**Seirbhísí Eile** 38
- Banc Fíocháin 39
- Seirbhís Náisiúnta Aifiréise Teiripí 40
- An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais 43
- Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) 45

**Cáilíocht & Comhall** 48

**Úsáid Fuinnimh** 51

**Acmhainní Daonna** 54

**Airgeadas** 60

**Sonraí Teagmhála** 62



**“ Beidh a chuid dúshlán féin á gcruthú ag an bhliain atá romhainn ach táim muiníneach go sáróidh ár bhfoireann agus ár ndeontóirí iad.”**

# Réamhrá an Chathaoirligh

Bliain chrua a bhí ann don tír agus ní éasca a bhí sé do SFAÉ. Maraon le gach gníomhaireacht stáit eile, bhí orainne gearradh siar, fad a bhí soláthar slán sábháilte intaofa fola á sheachadadh againn. A bhuí do fhlaithiúlacht ár ndeontóirí agus dár n-eagraithe deonacha, agus do thiomantas agus cruaobair na foirne, d'éirigh linn sin díreach a dhéanamh. Thar ceann an Bhoird uile, gabhaim buíochas le gach duine i gceist.

Rinneamar athruithe móra i rith na bliana, le roinnt ball foirne ag bogadh ar aghaidh, tástáil na ndeonachán fola á lárnú sa Lárionad Náisiúnta Fola, agus gnó athdhíol na gcomhdhlúthúchán á aistriú go hospidéal San Séamas. Beidh a cuid dúshlán féin á gcruthú ag an bhliain atá romhainn ach táim muiníneach go sáróidh ár bhfoireann agus ár ndeontóirí iad.

Bhí de phribhléid agam casadh ar go leor dár ndeontóirí fadtéarmacha ag na Searmanais Damhachtainí Deontóra. Is mór an onóir dom bheith ábalta buíochas a ghabháil go pearsanta leo as an am, tiomantas agus bronntanas a thugann siad d'othair ar fud na hÉireann, gach uile lá den bhliain.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, Katherine Bulbulia, as a cúnamh agus a tacaíocht neamhthreallúsach chun trasdul an-réidh a shocrú, agus lenár Príomhfheidhmeannach, Andrew Kelly, agus a fhoireann as mionteagaisc prasa éifeachtacha a sholáthar agus mo cheisteanna iomadúla, agus iad a fhreagairt go foighneach. Bliain chrua a bhí ann do mo chomhghleacaithe uile ar an Bhord agus is mian liom buíochas a ghabháil leo uile as a dtacaíocht, a dtiomantas agus a gcuid crua-oibre.

**An tOllamh Anthony Staines**
Cathaoirleach



## Ár Luachanna

- Feabhas Seirbhíse
- Ionracas
- Meas
- Foghlaim
- Cuntasacht
- Comhoibriú

# Tuairisc an Chathaoirligh

**Tuairisc Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, maidir le measúnú ar an rialú inmheánach airgeadais ag comhlacht Stáit don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2012, de réir Aguisín V den Chód Cleachtais Leasaithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit.**

1. Admhaím, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Chomhlachta.

2. Ní féidir le córas rialaithe inmheánach ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, a thabhairt in aghaidh earráidí, míráitis nó caillteanais ábhartha.

3. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do SFAÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Athbhreithníonn an Bord an próiseas seo go rialta trí thuairiscí ón Phríomh-Fheidhmeannach.

   (i) Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a shainaithint agus a mheas, agus as rialuithe oiriúnacha a dhearadh agus a fheidhmiú. Déantar na rioscaí seo a mheas ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfaí iad a chomhcheangal le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear clistí rialaithe, cur isteach ar na córais faisnéise, catastrófaí nádúrtha agus riachtanais rialála.

   (ii) Tagann an bhainistíocht le chéile faoi dhó gach mí i dtaca le saincheisteanna agus rioscaí oibríochtúla, agus an dóigh a mbainistítear iad. Is é ról Fhoireann na Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo, athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar na príomhrioscaí atá bunúsach d'imeachtaí SFAÉ agus ar an gcóras gníomhartha is gá chun rioscaí dá shórt a bhainistiú, agus a gcinntí ar ábhair shuntasacha a thuairisciú don Bhord tríd an Phríomh-Fheidhmeannach.

   (iii) Tuairiscíonn an Príomh-Fheidhmeannach don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha oibre i SFAÉ, agus ar an chomhshaol seachtrach a bhfuil tionchar aige ar rioscaí suntasacha. Nuair a shainaithnítear réimsí sa chóras a éilíonn feabhsú, breithníonn an Bord moltaí ón Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith.

   (iv) Cuireann an Stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil, mar aon le príomhtháscairí feidhmíochta, ar fáil don Choiste Airgeadais, atá ina fhochoiste Boird. Ní raibh seo ag feidhmiú ar feadh 7 mí i 2012.

   (v) Tá cuíchreat rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil ábhair léirshainithe atá forchoimeádta d'fhaomhadh an Bhoird amháin, nó atá tarmligthe ag an Bhord d'fhaomhadh cuí an Fheidhmeannais. Tá bainistiú laethúil SFAÉ tarmligthe ag an Bhord agus tá teorannacha cuí ceaptha aige don Fheidhmeannas maidir le údarú caiteachais. Tá an Príomh-Fheidhmeannach freagrach as forfheidhmiú na rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais.

# Tuairisc an Chathaoirligh

(vi) Déantar monatóireacht ghinearálta ar an chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais tríd an chóras atá rianaithe thuas. Ina theanntasan, athbhreithníonn Coiste Iniúchóireachta agus Comhaill an Bhoird sainréimsí rialaithe inmheánaigh mar chuid dá théarmaí tagartha.

4. Tá éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh athbhreithnithe go sásúil ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Comhaill thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Comhaill athbhreithniú foirmeálta ar na córais seo ó thaobh 2012 de, ag a gcruinniú ar 29ú Aibreán 2013.

## Riachtanais Tuairiscthe Eile

### Comhall an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta do chomhall fhorálacha ábhartha an Chóid Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i 2009.

Tá cód iompair gnó don Bhord, agus cód iompair d'fhostaithe, curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tiomanta athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na cóid seo.

Tá glactha ag an Bhord le beartas mionsonraithe taistil agus cothabhála a chloíonn le gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Le linn na bliana, d'athbhreithnigh Bord SFAÉ tuairiscí ar na rialuithe inmheánacha, mar aon le hathbhreithnithe rialta ar thuairiscí Bhord Leigheasraí na hÉireann (BLÉ) maidir le rialuithe oibríochta agus comhaill, agus bainistiú rioscaí. Leanfaidh an Bord ag athbhreithniú na dtuairiscí seo agus ag obair go dlúth leis an BLÉ d'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá na gnáthaimh diúscartha a léirítear sna 'Cóid Chleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit' comhlíonta ag SFAÉ. Comhlíonann SFAÉ na dualgais ábhartha uile a shainítear faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an Bhord cloí leis na caighdeáin is airde rialachais corparáide, de réir na mbeartas agus cleachtas a bhfuil glacadh ginearálta leo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus Leanaí.

Tá lámhleabhar ag an Bhord do chomhaltaí an Bhoird. Tá glactha ag an Bhord leis an Chód Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009.

### Feidhmiú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an Bhord, lena n-áirítear Cathaoirleach neamh-fheidhmiúcháin a cheap an tAire Sláinte agus Leanaí.

Tháinig an Bord le chéile 11 uair le linn na bliana dá ghnáthchruinnithe. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird mar a leanas:

| Comhaltaí an Bhoird | Ean | Feabh | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | M.Fómh | D.Fómh | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ms Katharine Bulbulia (Cathaoirleach)* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| An tOll Anthony Staines (Cathaoirleach)** | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ms. Jane O'Brien* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mr. Seán Wyse* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Mr. David Lowe* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Mr. Dave Keenan* | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| An Dr. Paolo Rebulia | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ms. Ann Horan* | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | |
| Ms. Sinéad Ní Mháille* | | ✓ | ✓ | | ✓ | | | | | | |
| An Dr. Paul Browne¬ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | |
| An Dr. Lelia Thornton | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Hillary O'Leary# | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | ✓ | | | |
| Ms. Marie Keane* | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | |
| An Dr. Conor McGrane** | | | | | | ✓ | | | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mr. John Cregan¬¬ | | | | | | | | | | | ✓ |
| Mr. Brian O'Mahony*** | | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |

* Chríochnaigh téarma oifige, 31ú Beal 2012
** Thosaigh téarma oifige, 1ú Meith 2012
*** Thosaigh téarma oifige, 11ú Meith 2012
# D'éirigh as oifig, 17ú M.Fómh 2012
¬ Chríochnaigh téarma oifige 31ú Beal 2012, athcheaptha 10ú Nollaig 2012
¬¬ Thosaigh téarma oifige, 10ú Noll 2012

Faigheann na comhaltaí uile faisnéis chuí thráthúil, chun go mbíonn an Bord in ann a chuid dualgas a chomhlíonadh. Glacann an Bord le cuíchomhairle ghairmiúil neamhspleách de réir mar is gá.

Cloítear leis na treoirlínte maidir le íoc táillí agus chostais na gcomhaltaí Boird.

# Tuairisc an Chathaoirligh

| | | Tuarastail 2012 | Costais 2012 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ms Katharine Bulbulia | Cathaoirleach | 8,603 | 2,047 |
| An tOll Anthony Staines | Cathaoirleach | - | 577 |
| An Dr. Paul Browne | Comhalta Boird | - | - |
| Ms. Ann Horan | Comhalta Boird | 5,018 | - |
| Ms. Marie Keane | Comhalta Boird | - | 79 |
| Mr. Dave Keenan | Comhalta Boird | 5,018 | - |
| Mr. David Lowe | Comhalta Boird | 5,018 | - |
| Ms. Sinéad Ní Mháille | Comhalta Boird | 5,018 | - |
| Ms. Jane O'Brien | Comhalta Boird | 11,970 | - |
| An Dr. Hillary O'Leary | Comhalta Boird | - | - |
| An Dr. Paolo Rebulia | Comhalta Boird | 11,970 | 4,947 |
| An Dr. Lelia Thornton | Comhalta Boird | - | 91 |
| Mr. Seán Wyse | Comhalta Boird | 5,018 | - |
| An Dr. Conor McGrane | Comhalta Boird | 6,491 | - |
| Mr. Brian O'Mahony | Comhalta Boird | - | - |
| Mr. John Cregan | Comhalta Boird | - | - |
| | | **64,124** | **7,741** |

## Treoirlínte do bhreithmheas agus riar na dTograí Caiteachais Chaipitiúla

Tá an Bord tiomanta cloí leis na treoirlínte do Bhreithmheas agus Riar na dTograí Caiteachais Caipitiúla a d'eisigh an Roinn Airgeadais in Iúil 1994 (Leasaithe Eanáir 2005), agus Ciorcláin 02/09 agus 02/11 maidir le socruithe do chaiteachas TCF sa tseirbhís shibhialta agus phoiblí.

Tá sain-mhodheolaíocht bainistíochta tionscadail formálta forbartha ag SFAÉ, freisin, agus é so-oiriúnaithe, ag brath ar mhéid an tionscadail i gceist.

Tá struchtúr coiste ghíomhachtaithe ag an Bhord chun cuidiú le comhlíonadh éifeachtúil a dhualgas.

## Coiste Luach Saothair

Tá fochoiste bunaithe ag an Bhord chun déileáil go sonrach le ábhair a bhaineann le tuarastal agus le feidhmíocht an Phríomh-Fheidhmeannaigh. Cloíonn an Bord le beartas an Rialtais maidir le pá don Phríomh-Fheidhmeannach agus d'fhostaithe. Cloíonn an Bord leis na treoirlínte faoi íoc táillí stiúrthóra. Ba é €159,851 tuarastal an Phríomh-Fheidhmeannaigh i 2012.

## Coiste Comhairleach Míochaine

Tá an Coiste Comhairleach Míochaine comhdhéanta de Chomhaltaí Boird atá cáilithe i gcúrsaí liachta agus den fhoireann chomhairleach míochaine, agus tagann sé le chéile uair déag sa bhliain. Tá sé mar fheidhm aige monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí

a bhaineann le réimse na míochaine aistriúcháin agus réimsí bainteacha, tuairisciú don Bhord ar fhorbairtí dá sórt, agus an Bord a chomhairliú i dtaca le gníomhaíocht chuí.

### Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile dhá uair i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastlaíonn an Phríomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus Cuntasóir Bainistíochta air, freisin. Tig leis an Choiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann le cursaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na buiséid bhliantúla caipitil agus oibríochta, iniúchtaí seachtracha ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuntais airgeadais agus bainistíochta, PFT (Príomhtháscairí Feidhmíochta) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus sreabhadh airgid. Athbhreithníonn sé, freisin, pleanáil gnó, cleachtaí costála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe maoinithe agus beartas státchiste. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus comhairlíonn sé faoi chinnteoireacht ábhartha. Feidhmíonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmeálta a athbhreithníonn an Bord go rialta.

### Coiste Iniúchóireachta & Comhaill

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta & Comhaill le chéile trí uaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha seachtracha air. Freastlaíonn an Phríomh-Fheidhmeannach, an Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochta, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhaill, an Cuntasóir Bainistíochta agus an t-Iniúchóir Inmheánach air, freisin. Tig leis an Choiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhair a bhaineann le cursaí airgeadais an Bhoird. Athbhreithníonn sé na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta, na beartais chuntasaíochta, comhall na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta na n idirbhearta móra. Casann na hiniúchóirí seachtracha leis an Choiste chun torthaí na hiniúchóireachta bliantúla ar ráitis airgeadais an Bhoird a phlé. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta & Comhaill faoi théarmaí tagartha foirmeálta a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

### Clárlann Rioscaí

Sainaithníonn an chlárlann rioscaí na rioscaí straitéiseacha, cliniciúla, airgeadais agus oibríochtúla atá ann don eagraíocht, agus na rialuithe atá ann agus na gníomhartha breise ba ghá chun a dtionchar a íoslaghdú, dá dtarlódh a macasamhail don eagraíocht. Tá an Chlárlann Rioscaí roinnte idir Clárlann Rioscaí Eagraíochtúla, Cliniciúla agus TF. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an chlárlann rioscaí eagraíochtúla. Athbhreithníonn na comhairligh mhíochaine Clárlann na Rioscaí Cliniciúla, agus athbhreithníonn an Príomh-Fheidhmeannach agus an Bainisteoir TF an Chlárlann Rioscaí TF.

Cinntíonn an mhonatóireacht seo gur rudaí reatha iad na rioscaí agus na rialuithe, agus go sainaithnítear rioscaí nua atá ag teacht chun cinn agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm.

# Tuairisc an Chathaoirligh

## Gnó Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil leoracmhainní ag SFAÉ chun bheith ag feidhmiú go hoibríochtúil sa todhchaí intuartha. Chuige seo, is gnóthas leantach a ghlacann siad mar bhonn i gcónaí nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach SFAÉ agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird comhdhéanta de na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le:

- Sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáid nó eagar neamhúdaraithe; agus
- Cuíthaifid chuntasaíochta agus faisnéis airgeadais iontaofa a choinneáil, lena n úsáid san eagraíocht.

Is iad seo na príomheilimintí de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird:

- Córas cuimsitheach maidir le tuairisciú airgeadais
- Buiséad Bliantúil a réitítear agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Déanann an Coiste Airgeadais agus an Bord monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid
- Cuireann na riarthóirí buiséid a n-ainmneacha le buiséid ar leith
- Athbhreithnítear buiséid le riarthóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais léirshainithe
- Cuíscaradh dualgas
- Léir-theorainneacha údaráis don chaiteachas caipitiúil agus athfhillteach, faofa ag an Choiste Airgeadais
- Príomhphróisis airgeadais atá láncháipéisithe i ngnáthamh scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta ag baill foirne atá neamhspleách ar an fhoireann stórais
- Seiceálacha fíoraithe agus rialuithe pasfhocail ag an chóras airgeadais
- Gach duillín seolta maidir le eisiúint táirgí meaitseáilte lena shonrasc ábhartha, chun a chinntiú go mbilleáiltear go hiomlán gach gníomhaíocht Boird
- Monatóireacht rialta ar an fheidhm rialaithe creidmheasa
- Gach ordú ceannaigh a bheith sínithe ag an Oifigeach Ceannaigh nó ag ionadaí údaraithe
- Sonraí stoic a bheith foréilithe ag uathorduithe
- Sonraisc neamhstoic a bheith sínithe agus códaithe ag bainisteoirí buiséid nó a sínitheoirí údaraithe
- Sonraisc stoic a bheith meaitseáilte go neamhspleách le GRN stórais agus orduithe ceannaigh
- Seiceálacha íocaíochta fíoraithe ar shonraisc soláthróra ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann na gcuntas iníoctha.

Is eol don Bhord gur ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun bainistiú, seachas díothú, a dhéanamh ar an bhaol go dteipfeadh orainn ár gcuspóirí gnó a bhaint amach. Ní thig le rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráitis nó caillteanais ábhartha.

## Ráiteas faoi Dhualgais Chomhaltaí an Bhoird

Éilíonn an tOrdú um Bord na Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunaíocht) 1965, go n ullmhódh an Bord ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dlí agus chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe na hÉireann, dearcadh fíor, cothrom ar staid chursaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ní mór don Bhord:

- Cuíbheartais chuntasaíochta a roghnú agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Aon imeacht ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach sa chás gur míchuí a réamh-mheas go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as cuíleabhair chuntasaíochta a choinneáil, a léiríonn go réasúnta cruinn am ar bith, staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá sé freagrach, freisin, as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin an hÉireann a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Forbairtí suntasacha tráchtála

*Traschur Táirgí Fola*

Cuireadh i gcríoch traschur freagrachta, as fachtóirí comhdhlúthúcháin a cheannach chun téachtadh fola a chóireáil, chuig Ospidéal San Séamas in Aibreán 2012.

*Tástáil Lárnaithe*


Cuireadh i gcrích go rathúil aistriú na tástála víreolaíochta ó Ionad Chorcaí go dtí an Lárionad Náisiúnta Fola in Iúil 2012. Rinne seo coigealtas de €628k.

*Iomarcaíocht Dheonach*

Thionscain SFAÉ clár iomarcaíochta deonaí i 2012. Chuir 28 ball foirne in iomlán isteach uirthi agus tairgíodh iomarcaíocht do 17 ball foirne, rud a shábháil €969k ar an párolla bliantúil.

**An tOllamh Anthony Staines**

Cathaoirleach



**"Choinnigh SFAÉ ardchaighdeáin cáilíochta agus seirbhíse i 2012 d'ainneoin na srianta leanúnacha ar acmhainní."**

# Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh




Choinnigh SFAÉ ardchaighdeáin cáilíochta agus seirbhíse i 2012 d'ainneoin na srianta leanúnacha ar acmhainní. Is beag a shíleamar go mbeimis ag dul isteach sa 6ú bliain de laghduithe acmhainní gan chríoch i ndán dúinn go fóill.

Le linn 2012, rinneadh athruithe leanúnacha i SFAÉ. Bhí athruithe suntasacha ar chomhaltas an Bhoird, d'aistríomar gnó na hathchuingireachta, comhdhlúthaíomar tástáil na víreolaíochta, thionscnaíomar tástáil roghnach don chéad uair nuair a rinneamar tástáil do Víreas na Níle Thiar, d'fhorbraíomar agus d'fheidhmíomar ríomhchóras ordúcháin, thosaíomar ionadú Córas Rialaithe ár bhForas Fola, agus thosaíomar ag úsáid modheolaíocht an Scórchárta Chothromaithe, chun an chéad Phlean Straitéiseach eile a fhorbairt. Níl ansin ach na buaicphointí. Ba bhliain an-ghóthach agus dúshlánach í, dáiríre.

Seachas an dúshlán airgeadais, ba í an cheist ba mhó a bhí le sárú ag an eagraíocht le linn 2012 ná caillteanas deonachán toisc gur theip orainn critéir na Treorach a bhaint amach. Chruthaigh seo an-chuid fadhbanna dár bhfoirne clinice agus, freisin, do na hospidéil, toisc nach raibh ar ár gcumas soláthar seasmhach a sheachadadh. D'éirigh an scéal chomh fadhbach sin gur iarramar dialtas ón Údarás Inniúil chun deonacháin a ghlacadh sa teorainn do mhiosúr Hb. Ceadaíodh seo do thréimhse bliana, agus ó 1ú Deireadh Fómhair 2013, ní mór do SFAÉ géilleadh do chritéir na Treorach maidir le leibhéil Hb do dheonacháin. Is dúshlán suntasach é seo agus éileoidh sé straitéis ilghnéitheach lena bhaint amach. Éileoidh sé, freisin, foireann ildisciplíne le oibriú ar na sraitheanna éagsúla, chun go gcomhlíonfaimid an Treoir ó 1ú Deireadh Fómhair 2013. Rinneamar athbhreithniú ar ár Roinn Cáilíochta agus rinneamar tagarmharcáil in aghaidh trí sheirbhís fuilaistriúcháin eile. Leagfaidh an tuairisc bonn ar a dtógfar forfheidhmiú struchtúr agus próiseas nua agus a thiománfaidh feabhsú leanúnach feadh an ghnó. Rinneamar athbhreithniú, freisin, ar ár gCórais Riaracháin agus an tslí ina seachadann muid seirbhísí riaracháin tríd an eagraíocht. Tá toradh an athbhreithnithe seo le bheidh foilsithe go luath i 2013.

Bhí ar intinn agam le tamall anuas leas a bhaint as modheolaíocht an Scorchárta Chothromaithe chun ár mapa Straitéiseach agus ár bPlean Straitéiseach 2013-2016 a fhorbairt. D'fhostaíomar comhairleoir a raibh an-mheas air sa réimse seo chun an próiseas a thosú. Fuaireamar an-tacaíocht, freisin, ón Bhord Gáis, a raibh an uirlis seo in úsáid go rathúil acu ar feadh roinnt blianta agus, freisin, ó Sheirbhísí Fola Cheanada, agus sinn ag iarraidh úsáid na huirlise seo a optamú. Chríochnaíomar obair ar an Phlean faoi dheireadh na bliana agus ansin thosaíomar próiseas an chomhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara. Foilseofar seo faoi Ráithe 2, 2013.

An t-aon saincheist nach bhfuil dul chun cinn le tuairisciú uirthi ná teacht ar chuímhaoiniú do scéim pinsin SFAÉ. Is gá an tsaincheist seo a réiteach agus is ábhar deacrachtaí nach gá í don fhoireann, ag baint fuinnimh ó bhainistiú ceisteanna eile. Ó 2008 i leith, tá bonn costais SFAÉ laghdaithe 21% agus tá laghdú 10% ar an líon foirne atá fostaithe. Is gnóthachtáil mhór í seo agus an moladh ag dul d'iarrachtaí na foirne a chothaigh an toradh seo agus a choinnigh an-ardchaighdeáin cáilíochta

# Tuairisc an Phríomh-Fheidhmeannaigh

agus seirbhíse i gcónaí. Tagann pointe nuair nach bhfuil scóip ann do bhreis laghduithe foirne, agus tá fíorbhaol ann nach mbeimid in ann baill foirne de chuíchaighdeán a mhealladh toisc na polasaithe earcaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair.

Ba mhaith liom mo fhíorbhuíochas a chur in iúl do bhaill na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin agus d'fhoireann uile na heagraíochta a lean leis an seachadadh d'othair agus do dheontóirí. Gan a ngairmiúlacht agus a dtiomantas úd, ní bheadh ar chumas SFAÉ leanúint ag seachadadh seirbhís aistriúcháin shábháilte d'ardchaighdeán.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach





**“Tá SFAÉ ag breathnú roimpi ó ionad treise. I 2013, cuirfidh na grúpálacha nua sláinte moill nó iontaobhais deiseanna ar fáil chun cleachtais a fheabhsú agus fiú do dhul chun cinn níos fearr i bhfuilaistriú éifeachtach.”**

# Tuairisc an Stiúrthóra Míochaine agus Eolaíochta



Is é an príomhdhualgas atá ag seibhís fuilaistriúcháin, soláthar leanúnach de chomhábhair sábháilte fola agus seirbhísí bainteacha a chinntiú. Le linn 2012 bhí SFAÉ in ann soláthar a choinneáil agus níor comhairlíodh dúinn gur cuireadh ar ceal nó gur moilleadh aon obráidí. Maidir le sábháilteacht an tsoláthar fola, ní bhfuarthas deimhneach ach líon an-bheag deonachán i leith na bpríomhchoinníollacha a ndéanaimid tástáil dóibh – VEID/SEIF agus víris heipitítis B agus C – agus níor tuairiscíodh dúinn aon chásanna daingnithe de víris a tarchuireadh trí aistriúcháin. I gcás mionseirbhís fola bheadh seo intuigthe, ach chloígh SFAÉ lena polasaí maidir le ardchaighdeán sábháilteachta a choinneáil, trí raon tástálacha de leibhéal an-ard íogaireachta a úsáid. Thionscain SFAÉ tástáil nua i 2012. Le blianta beaga bhí orainn bac a chur ar dheonacháin ó dheontóirí a thaistil ar na malla chuig áiteanna inarbh eol Víreas na Níle Thiar a bheith ag tarlú. Ós rud é go gcuimsíonn seo na Stáit Aontaithe agus ionaid mhéadaitheacha san Eoraip le linn mhíosa an tsamhraidh, chinn SFAÉ go mb'éifeachtaí, agus go bhfeabhsófaí an soláthar fola, dá dtástálfaí deontóirí do VNT. Ní bhfuarthas aon torthaí dearfacha, ach glacadh le beagnach 2000 deonachán a ndiúltófaí dóibh seachas é. Seirbhís í seo do dheontóirí le nach gá dóibh filleadh tar éis roinnt seachtainí, agus cuidíonn sé le SFAÉ soláthairtí a choinneáil suas le linn séasúr shaoire an tsamhraidh.

Déanann SFAÉ monatóireacht leanúnach ar phróifíl na sábháilteachta fola i dtíortha eile, agus is cuidiú dóibh sa chás seo a bheith mar bhall de Mhonatóir na nGalar Ionfhabhtaíocht Éiritheach a bhunaigh Comhaontas Fola na hEorpa. Tugann gairm na comhdhála mhíosúla le chéile tíortha ar fud na hEorpa, Meiriceá Thuaidh, an Astráil agus an Nua-Shéalainn chun fianaise reatha a roinnt maidir le scaipeadh galair a bheadh ina ábhar buartha, cé beag é, do shábháilteacht na fola. Fad atá seo á scríobh, is fíorábhair buartha iad coinníollacha ar nós fiabhras dengue – ionfhabhtaíocht thrópaiceach a scaipeann corrmhíolta – agus Heipitíteas E – víreas bia-iompartha ar féidir é a scaipeadh trí fhuil. Tá laghdú ar thionchar buarthaí eile na mblianta atá caite, ach ní chuí a bheith bogásach. Tá an ráig de GCJ athraitheach sa RA ag leibhéal íseal faoi láthair, gan aon chásanna nua-diagnóisithe i 2012. Ach i gcás coinníoll a ghlacann deich mbliana ag goradh, is gá roinnt blianta eile sular féidir cuid de na príomhbheartanna coisctheacha a athrú. Cinneadh sa RA, áfach, i mí na Nollag, gan leanacht le scagairí speisialta chun riosca an GCJ a laghdú i bhfuil. Leanfaidh SFAÉ i gcomhar leis an HSE agus an Roinn Sláinte ag faire go cúramach ar an dóigh ina ndéileálfaidh an RA go háirithe, toisc an líon i bhfad níos mó cásanna atá aici, leis an choinníoll seo ar féidir leis bheith marfach.


Bhí an fiche bliain atá caite gafa le sábháilteacht an am deonacháin fola don fhaighteoir. Ní thiocfaidh athrú ar bith air seo, ach le blianta beaga anois, bhí níos mó suime sa deontóir agus ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag deonta rialta orthu siúd. Aon duine a raibh sé d'ádh aige freastal ar shearmanais damhachtainí na ndeontóirí fola, mar a rinne mise in Albain agus in Éirinn, cuimhneoidh sé/sí ar na scuainí fada de dheontóirí aclaí sláintiúla a bhí ag teacht chun tosaigh le dámhachtainí a fháil. Fir a bhí iontu den chuid is mó, ach bhí go leor ban ann, freisin, ar éirigh leo fuil a dheonadh thar na blianta d'ainneoin tiomantais teaghlaigh agus na riachtanais cothaithe agus iarainn a ghabhann leis sin.

# Tuairisc an Stiúrthóra Míochaine agus Eolaíochta

Tá leibhéil iarainn na ndeontóirí an-tábhachtach, agus tá dualgas orainn mar eagraíocht deontóirí fola agus mar sheirbhís aistriúcháin a chinntiú go bhfanann ár ndeontóirí uile aclaí, folláin. Tá seo á dhéanamh againn le roinnt tionscnamh chun feasach a fheabhsú i leith aistí bia sláintiúla agus leibhéil iarainn na ndeontóirí. I roinnt bheag daoine tig le barraíocht iarainn a bheith fadhbach, agus tá líon mór daoine in Éirinn a bhfuil claonadh ó oidhreacht iontu chun ard-leibhéal iarainn ar a dtugtar haemacrómatóis oidhreachtúil – go hachomair, HH. Le tamall anuas sholáthraigh SFAÉ clinic deontóirí i ndeisceart Bhaile Átha Cliath do dhaoine le HH atá, seachas sin, folláin. Sa bhliain atá romhainn, tá súil againn an tseirbhís seo a leathnú chuig daoine eile in Éirinn agus sa dóigh sin cuidiú le SFAÉ éilimh aistriúcháin na n ospidéal a shásamh, agus freisin, seirbhís a sholáthar do dhaoine le HH.

Tá SFAÉ ag breathnú roimpi ó ionad treise. I 2013, cuirfidh na grúpálacha nua sláinte moil nó iontaobhais deiseanna ar fáil chun cleachtais a fheabhsú agus fiú do dhul chun cinn níos fearr i bhfuilaistriú éifeachtach. Is cosúil go bhfuil úsáid fola ag laghdú ar fud an domhain fhorbartha, d’ainneoin daonraí bheith ag dul in aois agus an gá le tuilleadh máinliachta. D’éirigh le teicnící chun caillteanas fola a sheachaint, agus an fheasacht nach gá fuil ach nuair is léir go sábhálfaidh sé beatha nó caighdeán na beatha, úsáid fola a laghdú. Tig máinliacht thábhachtach a dhéanamh gan aon fhíorchosúlacht fuilithe, cé nach ligfeadh máinlia nó ainéistéisí d’obráid dul ar aghaidh, áfach, gan fuil a bheith ar fáil! Mar sin, ó 2013 ar aghaidh, is cosúil go ndéanfar measúnú níos sonraithí agus go ndéanfar níos mó cúraim de dheontóirí fola, spriocdhíriú níos fearr ar chruinntheiripe aistriúcháin d’othair, agus go gcuirfear béim leanúnach ar shábháilteacht feadh ar phróisis uile.

**An Dr. Ian Franklin**
MBChB, PhD, FRCP [Lon; Glas; Edin], FRCPath.
Stiúrthóir Míochaine & Eolaíochta
MCRN 401650


CROKE PARK
Centra
GUINNESS




**"Bliain dúshlánach ab ea 2012 ó thaobh leorchoinneáil an tsoláthar fola. Ach, a bhuí do fhlaithiúlacht ár ndeontóirí, d'éirigh linn freastal ar riachtanais othair na n-ospidéal trí fhuil agus comhpháirteanna fola a sholáthar ar bhonn leanúnach."**

# Oibríochtaí Seirbhísí Deontóra



## Soláthar Fola


Bliain dúshlánach ab ea 2012 ó thaobh leorchoinneáil an tsoláthar fola. Ach, a bhuí do fhlaithiúlacht ár ndeontóirí, d'éirigh linn freastal ar riachtanais othair na n-ospidéal trí fhuil agus comhpháirteanna fola a sholáthar ar bhonn leanúnach. D'fhreastail 104,765 deontóir in iomlán (méadú de 2035 deontóir nó 1.98% ar 2011) ar ár gclinicí, agus thug siad 141,350 deonachán (laghdú 5189 deonachán nó 3.5% ar 2011). Tharla an laghdú deonachán de bharr ráta méadaithe iarrchuir de 18.49%, toisc, go bunúsach, dianfheidhmiú na leibhéal riachtanacha haemaglóibine idir Márta agus Lúnasa 2012, mar ar ardaigh an ráta iarrchur go 25% ar uaire.

I Meán Fómhair 2012, d'fhonn leorsholáthar fola a choinneáil, thug Bord Leigheasraí na hÉireann maolú do SFAÉ ó na leibhéil riachtanacha haemaglóibin do thréimhse 12 mí, chun Clár Bainistíochta Deontóirí stóinsithe a fhorbairt le leibhéil ísle nó teoranta haemaglóibin fola. Ina theanntasan beidh sé riachtanach tionscnaimh earcaithe agus coinnithe deontóirí a fhorbairt chun cur in aghaidh an laghdú ar dheonacháin, de bharr ráta iarrchuir méadaithe.


## Dílseacht Deontóirí

Sna cúinsí sin, táimid ar brath ar thacaíocht leanúnach ár ngnáthdheontóirí, trí fhreastail níos minice ar ár gclinicí.

Léiríonn na dréimirí dílseacht deontóirí thíos gur mhéadaigh an líon deontóirí a d'fhreastail ar ár gclinicí aon, dhá agus trí uaire i 2012, de 2.2%, 4.1% agus 0.7% faoi seach. Má táimid le leorsholáthar fola a choinneáil i 2013 beidh orainn an treocht dhearfach seo a choinneáil agus tabhairt ar dheontóirí bogadh suas céim amháin ar an dréimire dílseacht deontóra go dhá, trí agus ceithre fhreastal.








## Deontóirí Céaduaire

I 2012, bhí 15,318 deontóir ann a d'fhreastail ar cheann dár gclinicí don chéad uair. Ba mhéadú de 8.7% é seo ar 2011. As na deontóirí seo bhí 8019 nó 52.4% san aois ghrúpa 18-24. Fáiltíonn SFAÉ roimh na deontóirí seo uile agus tá súil againn iad a fheiceáil ar bhonn rialta feasta.

Tá sé tábhachtach go gcoinneofar na deontóirí céaduaire seo agus go mbeidh siad ina ndeontóirí rialta feasta. Faoi láthair, ní fhreastlaíonn ach 36% dár ndeontóirí céaduiare arís laistigh de 12 mhí óna gcéad fhreastal. Tá seo cuid mhaith níos lú ná an ráta coinneála do dheontóirí rialta, arb é >60%.

Mar sin, i Lúnasa 2012, thosaíomar tionscadal píolatach d'fhonn teagmháil le deontóirí céaduaire a bhí iarchurtha go sealadach an lá i ndiaidh a gcéad fhreastail, chun a dtaithí a phlé leo, agus a mhíniú dóibh an rud a tharlóidh nuair a éagfaidh a n iarchuir. Ghlac na deontóirí go breá leis seo agus táthar ag súil go gcuirfidh sé feabhas mór ar ráta coinnithe na ndeontóirí céaduaire. Tá leathnú beartaithe ar an tionscadal chun teagmháil a dhéanamh le níos mó deontóirí céaduaire i 2013.

## Dámhachtainí Deontóra

Tugann SFAÉ aitheantas gach bliain do shíntiúis ár ndeontóirí rialta agus leorsholáthar fola a chinntiú i rith na bliana, trí shearmanais dámhachtana deontóirí a óstáil ar fud na tíre, áit a mbronntar ar dheontóirí a mbraonta órga (50 deonachán) agus a bpeileacáin phoircealláin (100 deonachán).

I 2012, bhí 8 searmanas dámhachtana deontóirí á n-óstáil ar fud na tíre, mar a fuair 916 dheontóir braonta óir agus 209 deontóir peileacáin phoircealláin. Mar riamh, bhí na hócáidí seo fíorthaitneamhach, agus thug siad deis don bhord agus d'fhoireann SFAÉ bualadh le deontóirí agus buíochas a ghabháil leo as a n-iliomad deonachán luachmhar. Ina theanntasan, tugann sé deis do na deontóirí éisteacht le faighteoirí nó le tuismitheoirí na bhfaithteoirí ag caint ar an difir a rinne deonacháin cosúil lena gcuid siúd dá saoil féin agus dá bpáistí.



## Lá Domhanda na nDeontóirí Fola 2012

Titeann Lá Domhanda na nDeontóirí fola ar 14ú Meitheamh agus tá sé d'aidhm aige feasacht an phobail a chothú faoi thábhacht dheonadh na fola agus chun buíochas a ghabháil le fuildheontóirí rialta as a dtiomantas do shábháil beatha daoine.

I 2012, d'iarr Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar roinnt foirgneamh suntasach i gCathair Bhaile Átha Cliath, "Baile Átha Cliath a Dhathú Dearg" trí shoilse dearga a dhealrú orthu Déardaoin, 14ú Meitheamh, mar thacaíocht do dheontóirí fola ar fud na tíre.

D'iompaigh an Lárionad Comhdhála, Hall na Cathrach, An Ceoláras Náisiúnta, Teach Lafayette taobh le Droichead Uí Chonaill agus Cartlann Ailtireachta na hÉireann, 'go dearg' in onóir don líon mór de phobal fuildheontóirí na hÉireann.







# Margaíocht




## Seoladh Feachtas na nDlúth-chairde Fola

I Meitheamh 2012, sheolamar feachtas nua chun feasacht an phobail a mhéadú maidir le tíopaí fola agus chun deontóirí a mhealladh le fuil a thabhairt dá “nDlúthchairde Fola”, is é sin daoine atá ar aon fhuilghrúpa leo agus fuilaistriúchán de dhíth orthu.

Tá sé d’aidhm againn soláthar inbhuanaithe sábháilte fola a chinntiú trí phobal “Dlúthchairde Fola” a chruthú. Is é a thuigtear agus a chreidtear le Dlúthchara Fola, go bhfuil sé tábhachtach nascadh le daoine eile, fiú daoine nach eol duit – go bhfuil níos mó comhaithne eadrainn ná a thuigimid, agus nuair is cuid dó sin an tíopa fola céanna, déanann sin Dlúthchairde Fola dínn.

Ó tá ochtar “dlúthchairde” againn le freagairt do gach fuilghrúpa, bí ag faire lena n aghaidh i rith na bliana sa phreas, ar líne agus ar fhógraí allamuigh.




# Tionscnamh um Earcú/ Coinneáil Deontóirí

## Comhpháirtíocht CLG

Ar 16ú Meitheamh, aontaíodh ag cruinniú den Choiste Bainistí / Ard-Chomhairle go mbunofaí comhpháirtíocht idir an CLG agus Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann.

Tá SFAÉ ag cur tús lena feachtas i gConnacht. Ar na malla, chuir SFAÉ moladh faoi bhráid Comhairle Chonnachta den CLG agus fuair sí tacaíocht na Comhairle don chaidreamh seo. Bhí an Chomhairle sásta a tacaíocht a chur in iúl do chlubanna uile Chonnachta.

Bailíonn SFAÉ fuil ag 36 ionad i gConnacht agus tá uainn 140 club CLG a nascadh leis na hionaid seo, mar éascaíocht dóibh sin ar mian leo fuil a thabhairt, trí eolas a sholáthar ar an chur chuige a úsáidtear (bileoga, cuairteanna ar chlinicí, éascaíocht). Tá sé d’aidhm againn go mbeadh tabhairt fola chomh aithnidiúil éasca agus is féidir, dóibh siúd atá i bpobal CLG.

Tá cinnte againn gurb é an manna oifigiúil atá le úsáid ná lógó SFAÉ – giveblood.ie, mar aon leis an manna ‘le tacaíocht CLG’.

Táimid ag iarraidh tiomantas agus tacaíocht ó bhaill CLG le fuil a thabhairt nuair is gá. Tá 20/30 deontóir bhreise de dhíth orainn in aghaidh gach clinice, agus is trí siúd, dar linn, is féidir le CLG cuidiú linn. Beimid in ann tacaíocht a thabhairt ina leith seo ar nós, ábhar do shuíomhanna gréasáin na gclubanna,



do chainnéil meáin sóisialta, téacs gréasáin, r-phost, bileoga, postaeirí etc.

Tá d'aidhm againn an freastal ar chlinicí i gConnacht a mhéadú ó 4,000 go 5,000 in aghaidh na bliana. Le tréithe cosúil le spiorad pobail, tiomantas d'obair shóisialta agus saorálaíocht, sílimid gur baill thábhachtacha den phobal iad siúd atá bainteach le CLG, chun cuidiú linn inár misean leanúnach maidir le soláthar fola inbhuanaithe sábháilte a choinneáil.

## Haemacrómatóis

Ó Mheitheamh 2007, tá SFAÉ ag glacadh le deonacháin ó dhaoine le haemacrómatóis gach Aoine i gClinic Steach Lorgan. Tugadh 4,663 deonachán ag na clinicí seo cheana féin.

I 2012, bhí SFAÉ i gcaibidlí leis an HSE maidir le forbairt bhreise an chláir agus é a leathnú chuig ár gclinicí seasta i Sr. D'Olier agus in Ospidéal Nmh. Fionnbharra, Corcaigh i 2013.

Meastar go gcuirfidh an clár seo breis agus 5,000 deonachán leis an soláthar náisiúnta fola ar bhonn bliantúil.

## Rothaíocht Garda

Ag éirí as bás a mhic de bharr Liúiceíme, tá Rothaíocht eagraithe ag an Gharda Stephen Roe, as Stáisiún Gharda Shráid Anglesea, ó Chionn Mhálanna go Carn Uí Néid chun feasacht a mhéadú agus daoine a spreagadh le fuil a thabhairt.


Beidh an rothaíocht ann ó 27ú go 30ú Aibreán 2013 agus déanfar urraíocht ar an rothaíocht trí bheith mar dheontóir fola. Glacfaidh 12 Rothaí ón Gharda páirt i dteannta an Ard-cheannfort Michael Finn agus an Cigire Finbarr O'Sullivan. Cuirfidh an tArd-mhéara, an Clr. John Buttimer, fáilte ar ais roimh na rothaithe ag Halla na Cathrach, Corcaigh.


Cuireadh Rothaíocht an Gharda chun cinn ó Dheireadh Fómhair 2012, agus faoi dheireadh na bliana sin bhí 156 deontóir i ndiaidh freastal cheana féin ar chlinicí ar fud na tíre. Táthar ag súil go ngeallfaidh suas le 1,000 duine deonachán fola a thabhairt de thoradh na rothaíochta in Aibreán 2013.

**"Cuireadh Rothaíocht an Gharda chun cinn ó Dheireadh Fómhair 2012, agus faoi dheireadh na bliana sin bhí 156 deontóir i ndiaidh freastal cheana féin ar chlinicí ar fud na tíre."**


# Staitisticí Deontóra

## Deontóirí 2011 vs 2012






## Deonacháin Lánfhola ag Deontóirí




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Fuilghrúpa



# Seirbhísí Ospidéil

| Fuil, Comhpháirteanna Fola & Táirgí Fola a Eisíodh | | |
|---|---|---|
| Táirgí | 2012 | 2011 |
| Deargchealla & Lánfhuil | 133,199 | 135,963 |
| Pláitíní – Dáileoga Teiripeacha | 24,127 | 24,735 |
| Plasma Reoite | 277 | 266 |
| Octaplas | 20,961 | 22,890 |
| Crióidheascán | 160 | 74 |
| Fachtóir VIIA (x IU)* | - | 400 |
| Fachtóir VIII Athchuingreach (x IU)* | 13,349,000 | 36,300,000 |
| Fachtóir VonWillebrand (x IU)* | 304,200 | 790,600 |
| Fachtóir IX Athchuingreach (x IU)* | 3,684,250 | 11,935,750 |
| Prótroimpléasc (x IU)* | 291,600 | 787,200 |
| Fachtóir XIII* | 5,500 | 7,000 |
| Plasma d'Úsáid IVD (Lítear) | 31,798 | 38,422 |

* Léiríonn figiúirí 2012 de chomhdhlúthúcháin fachtóra le haghaidh cóireáil mí-oird théachtaithe na héisiúintí ó Eanáir go hAibreán, óir aistríodh an fhreagracht chuig Ospidéal San Séamais ón 30ú Aibreán 2012.

# Tástáil



# Saotharlann um Thástáil Aigéid Núicléasaigh

Tá an tSaotharlann um **Thástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN)** lonnaithe sa LNF agus tástálann sí ar bhonn náisiúnta deonacháin fola ó gach ionad i SFAÉ. Aimsíonn TAN leibhéil an-ísle RNA/DNA víréasach nach bhféadfaí a aimsiú, b'fhéidir, leis na measúnachtaí séireolaíochta a mholtar faoi láthair sna céimeanna tosaigh d'ionfhabhtaíocht, an tréimhse fhuinneogach réamhshéire-ationtaithe.

Tástálann saotharlann TAN Deonacháin Indibhidiúla (DI)-TAN, ag úsáid ardán Tigris i gcomhar le measúnacht Ultrio Plus HIV-1/HCV/HBV. Is córas lánuathoibríoch dúnta é an gléas Tigris do thástáil deonachán indibhidiúil le measúnacht Procleix Ultrio Plus. Is measúnacht ilphléacs TMA é an Procleix Ultrio Plus chun Víreas Imdhíonachta Daonna tíopa 1 (HIV-1)RNA, víreas Heipitíteas (HCV)RNA agus víreas Heipitíteas B (HBV)DNA a bhrath i bplasma daonna. Thionscain Novartis Vaccines and Diagnostics an mheasúnacht Ultrio Plus mar mheasúnacht dara glúine tríphléacsach chun íogaireacht bhrath an HBV DNA a sainmhéadú i gcomparáid le measúnacht Ultrio (i ngnáthúsáid ó Aibreán 2009 go Samhain 2011). Cuimsíonn measúnacht Ultrio Plus Imoibrí Méadaitheoir Sprice (TER) a sholáthraíonn briseadh optamach víreasach, méadú agus brath HBV DNA, agus a chuireann teorainn bhreise sábháilteachta ar fáil don soláthar fola.

Rinne SFAÉ cinneadh tástáil roghnaitheach a dhéanamh ar dheontóirí fola le haghaidh Víreas na Níle Thiar (WNV)RNA i saotharlann TAN ó 1ú Bealtaine 2012. Brathann measúnacht Víreas na Níle Thiar (WNV) Procleix go hiontaofach leibhéil ísle WNV RNA i ndeonacháin fola, le cabhair chlár Tigris. Sular tugadh isteach é iarchuireadh ó dheonú deontóirí a thaistil chuig ceantar faoi riosca laistigh den 28 lá roimhe sin. De bharr leathnú WNV ar fud na hEorpa, mar aon leis an riosca roimhe sin de WNV ó Mheiriceá Thuaidh, tionscnaíodh tástáil roghnaitheach deonachán fola le haghaidh WNV mar mhalairt ar an 28 lá iarrchur deontóra geografach do Shéasúr WNV na hEorpa (Bealtaine go Samhain).

Coinnítear sampla cartlainne de gach deonachán. Tástáladh gach deonachán a bailíodh i 2012 laistigh den tsaotharlann, agus níor ghá an plean tástála faoi Theagmhas Seachtrach atá ag SFAÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban (SNBTS) a agairt.

Cinntíonn Rialú Cáilíochta TAN go ndéantar monatóireachct cruinn ar íogaire anailíseach agus ar in-atáirgtheacht na measúnachtaí scagthástála d'Fhuil TAN. Úsáidtear, freisin, samplaí ó Rialuithe Cáilíochta Seachtracha (EQCs) chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar chomhsheasmhacht in íogaireacht na mbaisceanna imoibrithe. Cuimsíonn na measúnachtaí Procleix Novartis, Calabróirí (Diúltach, HIV-1, HCV, HBV), Réim-Rialuithe (Diúltach, HIV-1, HCV, HBV) agus Rialú Inmheánach (IC). Cuirtear an IC le gach sampla tástála trí Imoibriú Ceaptha Sprice oibre (wTCR) a chur leis. Úsáidtear an IC chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú agus chun a chinntiú go bhfuil na próisis tástála mhonaireachta uile ag feidhmiú i gceart. Úsáidtear Réim-Rialuithe Tigris tar éis tástála ar gach 100 sampla i ngach liosta oibre. Caithfidh na torthaí Calabróra teacht leis na sonraíochtaí measúnachta.

Ligeann comparáidí idirshaotharlainne dúinn, ag úsáid bogábhair EDCNet (National Reference & Serology Laboratory, NRL Australia, www.nrlqa.net) agus páirtíocht i Scéimeanna Ráthaíocht Cáilíochta Seachtraí [EQAS] i 2012, athbhreithniú piara a dhéanamh le húsáideoirí eile Tigris/Ultrio Plus agus neamh-úsáideoirí measúnachtaí TAN ar fud an domhain. Tá saotharlannTAN tiomanta do bhuanfheabhsú an phróisis TAN, mar a léirítear trí

# Víreolaíocht

fheidhmiú gníomhartha Ceartaithe agus Coiscithe a éiríonn as Tuairiscí ar Theagmhais Cháilíochta agus tuairiscí Iniúchóireachta inmheánaí.

## Saotharlann Víreolaíochta

Tharla mórathruithe sa tSaotharlann Víreolaíochta i 2012, toisc gur comhdhlúthaíodh tástáil Víreolaíochtaí SFAÉ uile sa Lárionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath i Meitheamh.

Faigheann an tsaotharlann Víreolaíochta sampla de shéiream téachtaithe ó gach deontóir ag am deonacháin agus sainaithnítear é le barrchód uathúil agus iompraítear na samplaí uile ó na clinicí fuildeontóra chuig an LNF thar oíche agus tástáiltear iad an lá dár gcionn.

Tástáiltear an sampla i láthair sainmharcóirí víreasacha a d'fhéadfaí a tharchur trí aistriúchán. Tástáladh thart ar 155,000 deonachán i 2012. Níor ghá plean tástála na dTeagmhas Seachtrach, atá ag SFAÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban (SNBTS), a ghairm i 2012.

Déantar na tástálacha séireolaíochta a leanas sa tsaotharlann víreolaíochta agus tá siad faoi shainordú do gach deonachán.

- Aintigin dromchlach Heipitíteas B (HBsAg) agus antashubstaint do chroí-Heipitíteas B
- Antashubstaint do Víreas Imdhíonachta Daonna 1/2
- Antashubstaint do Víreas Heipitíteas C
- Antashubstaint do Víreas T-Liomfatrópach Daonna I & II
- Antashubstaint do Treponema Pallidum, gníomhaire cúiseach Sifilise.

Déantar na tástálacha seo ag úsáid an trealaimh is déanaí atá cGMP-oiriúnach (dea-chleachtas déantúsaíochta). Déantar an scagthástáil do bhunús na víreas seo ar Phriosma Abbot, ag úsáid foirne tástála Phriosma Abbot, agus tá an córas Priosma in úsáid i SFAÉ ó Mheitheamh 1997. Is gléas scagthástála fola lán-uathoibríoch,ard-mhéide, ilchainnéil é Priosma Abbot a saincheapadh do mhargadh scagthástála na ndeonachán fola. Tugann sé lánghéilliúntas GMP agus tá sé in ann 180 sampla a phróiseáil san uair.

Déantar scagthástáil do Shifilis agus Cítimeigilivíreas (CMV) ar an phróiseálaí DiaSorin ETImax.

Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) chun go mbeidh soláthar de dheonacháin Chítimeaigilivíris dhiúltaigh ann do na hothair a éilíonn é, e.g. othair imdhíon-lagaithe. Nuair atá na tástálacha uile críochnaithe, agus torthaí sásúla faighte, pasáiltear an t-aonad agus lipéadaítear é le haghaidh eisiúna, ar choinníoll go bhfuil sé diúltach ó thaobh thástáil Aigéid Núicléasaigh de.

Déanann an tsaotharlann trialacha scagthástála,freisin, le haghaidh marcóirí víreasacha do ranna éagsúla laistigh de SFAÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíocháin chroíchomhla agus samplaí ó chláir thástála maidir le rianú faighteoirí.

Cinntítear cáilíocht na gcóras tástála trí chaighdeáin an 'National Institute of Biological Standards and Controls, UK' agus trí rialú ilmharcóra Acrometrix a úsáid mar rialuithe 'gluais/stad' ar gach sraith tástála. Úsáidtear na caighdeáin rialaithe cáilíochta seo chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht fheidhmíocht na dtástálacha, ag úsáid rialú próisis staitistice ar bhonn laethúil agus, thar thréimhse,

# Uathghrúpáil Deontóirí

monatóireacht shiarghabhálach ar fheidhmíocht baisce. Glacann an tsaotharlann páirt i gclár monatóireachta a ligeann do SFAÉ torthaí a chur i gcomparáid le cuid na nIonad Fola sa RA.


Glacann an tsaotharlann páirt, freisin, sa chlár faireachais a reáchtálann Aonad Eipidéimeolaíochta Fola agus Trasphlandaithe Sheirbhís Náisiúnta Sláinte (NHSBT)/ Ghníomhaireacht um Chosaint Sláinte na RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí deimhneacha agus ar na rátaí imoibríocha d'fhoirne tástála agus do thorthaí daingnithe, ag úsáid lotuimhreacha éagsúla imoibrithe leis an NHSBT. Gintear tuairisc fógartha a mhionsonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí na rátaí imoibrithe.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta páirteach i dtrí chlár oilteachta, ceann a scaipeann an United Kingdom National External Quality Assessment Service (UK NEQAS) do Mhicribhitheolaíocht, ceann a scaipeann VQC Acrometrix i gcomhar leis an National Serology Reference Laboratory Australia (NRL na hAstráile) agus ceann eile an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Míochaine & Cúram Sláinte (EDQM).

## Uathghrúpáil Deontóirí

Tá Uathghrúpáil Deontóirí ag síoriarraidh na teicníochtaí tástála is nua a thionscnamh agus an líon antaiginí deargcheall ar féidir gnáth-thíopáil a dhéanamh orthu a mhéadú. Feabhsaíonn na tástálacha seo ní amháin sábháilteacht a dtáirgí deargchille ach méadaíonn siad, freisin, éifeacht sholáthar na ndeargcheall atá neamhchoitianta nó de fheinitíopaí coimpléascacha, mar fhreagra ar shainiarratais ó ospidéil.

I 2012, tástáladh breis agus 155,000 deonachán agus éilíonn na haonaid deargchille uile tástálacha éigeantacha áirithe sula scaoiltear iad chun eisiúna. Orthu seo tá tíopaí ABO & RhD agus scagthástáil do antashubstaintí neamhrialta. Le linn na bliana fuilíodh breis agus 10,000 deontóir nua, rud ab ionann agus 6.5% de na deonacháin uile. Léireoidh fuilghrúpa agus tíopa RhD an ghrúpa seo fíorthréithe fuilghrúpa an daonra deontóirí arb iad:



Faigheann breis agus 45% de dheontóirí lán-feinitíopa Rh (tíopa C, c, E agus e) gach uair a dheonaíonn siad agus rachaidh 20% acu seo le haghaidh scagthástála nó tíopála breise. Tá na deonacháin seo ar fáil ansin lena n-eisiúint d'othair a bhfuil fios faighte gur tháirg siad il-antashubstaintí deargchille. Le linn na bliana seo caite cuireadh aonaid dheargchille ar fáil do roinnt cásanna ina mbeadh minicíocht an tíopa cille ar leith sin i bpobal na ndeontóirí níos lú ná 1 sa 1000. I dtéarmaí iarbhír, ciallaíonn seo, dá dtíopálfaí gach deonachán, nach mbeadh ach 3 deonachán sa tseachtain oiriúnach do chásanna dá shórt. Ach, le tíopáil roghnaitheach agus dea-riar stoic, tig aonaid a sholáthar i mbunús na gcásanna as stoc reatha le haghaidh úsáid éigeandála.

Táirgíonn roinnt othar, áfach, antashubstaint d'antaigin áirithe, agus is fíorbheag an seans go bhfaighfear deonacháin chomhoiriúnacha. Tá líon beag daoine sa tír a bheadh sa chatagóir seo agus ba shampla iad na daoine a bhfuil an antaigin cellano (k beag diúltach). Tá tionscadal scagthástála ar bun chun deontóirí cellano diúltach a shainaithint, d'fhonn painéal de dheontóirí dá shórt a chur le chéile. Éascóidh seo luathghairm deontóirí dá shórt i gcás éigeandála. Tionscnaíodh cuardach eile do fhuilghrúpa níos annamha fós (Kpb diúltach) i 2012. Tuairiscítear go bhfuil minicíocht Kpb diúltach níos lú ná 1 i 5,000 deontóir agus níl aon deontóir Kpb diúltach inaitheanta ar phainéal fuildeontóirí na hÉireann. Ba é importáil aonad Kpb diúltach an t-aon rogha maidir le soláthar fola roimhe seo. Scagthástáladh 200 deonachán go dtí seo ach níor aithníodh ceann ar bith. Tugann tionscadail mar seo eolas luachmhar a léireoidh agus a nuashonróidh fíormhinicíocht agus an scaipeadh atá ar thíopaí éagsúla antaigine ar fud na tíre.

Glacann an tSaotharlann Uathghrúpáil Deontóirí páirt in dhá scéim measúnaithe cáilíochta seachtracha a éilíonn 15 cleachta éagsúla a chur isteach gach bliain. Déantar monatóireacht ar chumas na foirne uile le cabhair na gcleachta seo, a chuimsíonn tíopáil fola, scagthástáil antashubstaintí agus sainaithint antashubstaintí le teicnící uathoibreacha agus láimhe araon. Scóráil foireann na saotharlainne cruinneas 100%, ó ghlac an tsaotharlann páirt don chéad uair sna scéimeanna seo 9 mbliain ó shin.

Is áis tástála náisiúnta í an tSaotharlann Uathghrúpála Deontóirí agus, mar sin de, tá plean tástála teagmhas seachtrach ag SFAÉ leis an Scottish National Blood Transfusion Service i gcás teipe criticiúla. Is é an plean teagmhais, líon beag samplaí a chur le haghaidh tástála ar uathoibrithe comhchosúla ag an SNBTS. Tástáiltear an plean seo ar líon beag samplaí go rialta. Tá leor-acmhainn inmheánach ag an tsaotharlann Grúpáil Deontóirí chun déileáil le teip uirlisí agus níor feidhmíodh an plean teagmhais i mbeochás riamh roimhe seo.

# NHIRL


**An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL)**
Soláthraíonn an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL) raon cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla a saincheapadh chun tacaíocht a thabhairt do na cláir thrasphlandaithe gascheall allaighéineach haemaiteapóiteach (HSCT) in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn. Tig HSCT a úsaid chun leoicéime, siondróim teip smeara agus neamhoird meitibileach ón mbroinn a chóireáil.

Cinneann an tsaotharlann tíopa na hantaigine leocaicíte daonna (HLA) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú, mar chuidiú do roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha amháin, bunaithe ar imoibriú slabhrach polainnéaraise (PCR) chun na géinte a chódaíonn na móilíní HLA a shainiú. Tig leis an teicneolaíocht seo ardleibhéil taifigh a aimsiú, a idirdhealaíonn ailléilí indibhidiúla agus géinte HLA.

Tá clár fairsing um dhearbhú cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear páirtíocht i gcláir thástála oilteachta inmheánacha agus sheachtracha do thíopáil HLA, geinitíopáil antaigin pláitíní daonna (HPA) agus imscrúduithe antashubstaintí HLA.
Tá NHIRL creidiúnaithe ag Cónaidhm Imdhíon-Ghéineolaíocht na hEorpa (EFI) ó 2001 i leith.

I 2012, rinne NHIRL samplaí ó 220 othar Éireannach i leith trasplanduithe gascheall haematopóiatach féideartha, agus  thug an NHIRL tíopáil HLA dá ngaolta. I gcás na n othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach clainne acu, d'fhéadfaí deontóir neamhghaolmhar a shainaithint ó chlár na ndeontóirí saorálacha. Soláthraíonn NHIRL seirbhís tacaíochta


## Líon na nOthar Éireannach a fuair HSCT ó Dheontóir Neamhghaolta 2003-2012



imdhíon-ghéineolaíochta do Chlárlann Smeara agus Plaitíní Neamhghaolmhara na hÉireann (IUBMR), agus i 2012 rinne an tsaotharlann tíopáil HLA ar 1,154 deontóir saorálach nua, á gcur leis an gclárlann, méadú beagnach 50% ar an líon a tíopáladh i 2011.

San 10 bliain atá caite d'éascaigh an IUBMR 270 trasphlandú deontóra neamhghaolmhara d'othair Éireannacha, rinneadh 79% (I=213) de na trasplanduithe seo sa sé bhliain atá caite agus 45% (I=121) sa trí bliana atá caite

## NHIRL Dáileadh an Iniúchta




Soláthraíonn NHIRL, freisin, gnáthsheirbhís tíopála HLA i dtaca le galair. Sheas an tseirbhís seo do bhreis agus 50% d'imscrúduithe i 2012. Tarchuirtear bunús na samplaí, d'fhonn láithreacht nó neamhláithreacht HLA-B27, bainteach le Spondailíteas Ankylosing, a chinneadh; galar réamatach pianmhar forásach a chuireann as don spíon agus do shiúntaí saicriliacha.

Ina theanntasan, soláthraítear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní chun iniúchadh séireolaíochta a dhéanamh ar thrombaicítipéine alla-imdhíonach nuabhreithe (NAIT), corcora iaraistriúcháin (PTP), athchuingireacht pláitíní, aló-imdhíonacht trompóicítipéine agus frithghníomhartha díobhálacha aistriúcháin. D'fhan an líon imscrúduithe do NAIT ag an leibhéal céanna, i gcomparáid le 2011.

Tíopáladh 450 deontóir pláitíní HLA-A, -B in iomlán agus cuireadh leis an phainéal deontóirí iad chun tacú le táirge optamach pláitíní a sholáthar do na hospidéil. Bhí líon foriomlán na samplaí a fuarthas le imscrúdú mar leanas: 6061, 6189 agus 6109 i 2010, 2011 agus 2012, faoi seach.

Tá an tsaotharlann páirteach go gníomhach i gcónaí i dtionscadail taighde le ospidéil agus ollscoileanna na hÉireann, chun ról HLA agus cealla marfacha 1g-chosúil géinte gabhdóra (KIR) a léiriú i ngalair éagsúla. Cuireadh an póstaer a leanas ar fáil i 2012 i gcomhar le Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath, ag cruinniú cinnbhliana Chónasc na hEorpa um Imdhíonghéineolaíocht i Learpholl.

- Tíopaí HLA/KIR agus a mbaint le seiceamh imdhíoneolaíochta in othair le ionfhabhtú VEID.

# Diagnóisic Bhaile Átha Cliath

Soláthraíonn an tsaotharlann diagnóisice san LNF seirbhísí Imdhíon-haemaiteolaíochta Deargchille agus Réamhbhreithe d'ospidéil ar fud na tíre.

Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn an tSaotharlann Diagnóisice:

- Soláthar fola feinitíopáilte, (gan é bheith ar fáil ón seilf)
- Soláthar fola crosmheaitseáilte do chásanna crua agus d'ospidéil gan Saotharlanna Fuilaistriúcháin
- Iniúchadh ar fhadhbanna antashubstainte
- Iniúchadh ar Fhrithghníomhartha Fuilaistriúcháin Haemalaíocha
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála.
- Iniúchadh ar Thástálacha Frithghlóbailin Díreacha dearfacha (othair agus deontóirí)
- Iniúchadh ar Ainéime Haemalaíoch Uath-imdhíonach
- Iniúchadh ar Ghalar Haemalaíoch Leanaí Nuabhreithe (HDFN)
- Cosc HDN trí ghnáth-Scagthástáil Réamhbhreithe do thoirchis faoi phriacail (cuimsíonn sé cainníochtú Frith-D, frith-c agus toirtmheascadh antashubstaintí atá suntasach go cliniciúil).
- Fuil oiriúnach a sholáthar ag seoladh do thoirchis faoi phriacail
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe san ospidéal
- Feinitíopáil sínte d'othair atá spleách ar fhuilaistriúcháin.

In iomlán, tarchuireadh breis agus 2,000 sampla i 2012. Léiríonn na samplaí a tarchuireadh i gcónaí deimeagrafach daonra coimpléascach atá ag athrú. I 2012, sainaithníodh na hantashubstaintí coimpléascacha a leanas tríd an SFAÉ:

Frith-Inb, Frith-Yta Frith-U, Frith-Jk3 Frith-Csa, 11 antahubstaint HTLA, 9 abs Sainchórasacha, 2 abs CR1-ghaolmhar, 1 x (Frith-C, -JkA, -Ch), 1 x (Frith-hrs, Frith Lea) Frith-DISK.

Iomportáladh 13 aonad ó Bhainceanna idirnáisiúnta Fola Annamha chun freastal ar riachtanais fuilaistriúcháin do roinnt cásanna an-choimpléascacha.

Tá an tSeirbís ar Glaoch um Imdhíonhaemaiteolaíocht Deargcheall d'othair le riachtanas práinneach cliniciúil i dtaca le imscrúdú/soláthar séireolaíoch fola crosmheaitseáilte, ag feidhmiú go maith i gcónaí. Bhí breis agus 80 cás a d'éiligh freastal an Eolaí-ar ghlaodhualgas i 2012.

Scagthástáladh 1143 deonachán in iomlán de thíopaí antaigine i 2012. Méid suntasach scagthástála é seo – ag freagairt don líon othar le il-antashubstaintí a éilíonn taca aistriúcháin go rialta, nuair nach sásaíonn an gnáth-thíopáil antaigine ag ADG an riachtanas go hiomlán.

Choinnigh an tSaotharlann Diagnóisice sprioc de 92% Aga Slánúcháin chun tuairiscí a chur ar fáil.

Ó 2011, d'fheidhmigh an tSaotharlann Diagnóisice clárlann réamhbhreithe chun monatóireacht a dhéanamh ar thoirchis i mbaol ó Ghalar Haemailíteach na Naíonán Nuabhreithe. Tá seo ann lena chinntiú go bhfuil stoc aonad oiriúnach ar fáil

# Diagnóisic Chorcaí

don mháthair agus don naíonán arna seoladh, d'othair le antashubstaintí coimpléascacha nó iliomadacha (seachas frith-D, frith-c, frith-K). Rinneadh monatóireacht ar 53 cás go dtí seo, le fuil faoi réir i 40% de chásanna. D'fhulaing leanaí cineál éigin galair haemailíteach i 30% de chásanna. Glaodh isteach ar dheontóirí i 27% de chásanna agus aistríodh fuil faoi dheireadh i 7% de chásanna. Tá an cuma air go dtí seo gur cuí an clúdach fola.

Leanann an tsaotharlann ag tógáil ar a ról oideachais agus acadúil i Míochaine an Aistriúcháin. Tugann an fhoireann diagnóisice léirithe eolaíocha ó bhéal ag gnáthchruinnithe Úsáideoirí BBTS agus Frith-D sa RA, agus ag cruinniú na hOifige Náisiúnta Haemafhaireachais i mBaile Átha Cliath. Ina theanntasan, bhí siad páirteach i gcomhchruinniú an-rathúil SFAÉ/An Acadamh Eolaíocht Saotharlann Míochaine, a reáchtáladh sa LNF agus a bhí dírithe ar sheirbhísí tástála other SFAÉ. Ar deireadh, lean siad ag óstáil cuairteanna ó shaotharlanna aistriúcháin na n ospidéal.

Soláthraíonn an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí seirbhísí crosmheaitseála do roinnt ospidéal cathrach agus feidhmíonn sí mar shaotharlann tagartha d'ospidéil i réigiún Chorcaí.

Cuimsíonn na seirbhísí a sholáthraíonn an tSaotharlann Diagnóisice:

- Feidhmíonn sé mar Bhanc Fola ospidéil do roinnt ospidéal Cathrach
- Soláthraíonn sé fuil feinitíopáilte (nach bhfuil ar fáil ar an seilf)
- Imscrúdaíonn fadhbanna antashubstainte
- Imscrúdaíonn Frithgníomhartha Fuilaistrithe Haemalíocha
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear fadhbanna tíopála
- Imscrúdaíonn Tástálacha Díreacha Frithghlóbailin dearfacha
- Imscrúdaíonn Ainéime Haemalaíoch Uathimdhíonach
- Imscrúdaíonn Galair Haemalaíoch Naíonán Nuabhreithe (HDN)
- Soláthraíonn fuil chuí ag saolú do thoirchis i mbaol
- Comhairle eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil
- Feinitíopáil fhairsing d'othair atá aistriúcháin-spleách
- Líonadh Orduithe Ospidéil le haghaidh Fola Feinitíopáilte
- Líonadh Orduithe Ospidéil le haghaidh Fola Ionradaithe
- Líonadh Orduithe Ospidéil le haghaidh Phláitíní.

In iomlán, tástáladh 2,655 sampla i 2012. Tá an tSeirbhís Tagartha Éigeandála Imdhíon-haemaiteolaíochta Deargchille Ar Láithreán, d'othair a bhfuil riachtanas práinneach cliniciúil acu le tástáil Imscrúduithe/Oiriúnachta antashubstaintí, ag feidhmiú go maith i gcónaí.

# Seirbhísí Eile



# Banc Fíocháin

## Banc Fíocháin

Tá an banc Fíocháin ag an LNF comhdhéanta de Bhanc Náisiúnta na Súl, an Banc Croíchomhlaí agus an Banc Fuil Chorda Imleacháin Dírithe/Siblíne agus tá sé ceadúnaithe faoin Treoir Fiochán agus Ceall 2004/23/CE a leagann síos na caighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta do dheonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fíochán agus ceall daonna.

Tá an banc freagrach as fíochán daonna a dháileadh go náisiúnta lena úsáid sa mháinleacht optalmach. Ar na táirgí a sholáthraítear tá coirní, scléara, aimnian, peireacairdiam agus fascia lata. Importáiltear na táirgí seo uile ó na SA. Soláthraíonn SFAÉ, freisin, braonta uathlógacha seiream súile d'othair le géarthriomacht súile, ar iarratas ó optailmeolaí. Bhí na táirgí fíocháin dhaonna a eisíodh i 2012 ar aon mhéid le eisiúintí 2011.

Le linn 2012, bhí próiseas bailíochtaithe ar siúl go leanúnach ar chultúr na ngascheall géagach i seomra glan an GMP, atá lonnaithe in ionad an bhainc fíocháin sa LNF. Tá seo ar bun d'fhonn cur isteach ar cheadúnas údaraithe déantúsaíochta faoi threoir na dTáirgí Míochaine Ardteiripe ó Bhord Leigheasraí na hÉireann i 2013.

Leanann SFAÉ ag próiseáil, ag crióchaomhnú agus ag dáiliú fiocháin dhaonna cardashoithíoch thar ceann Ospidéal Ollscoile Mater Miseracordiae.

Bailíonn agus crióchaomhnaíonn an banc fola Dírithe/Corda Siblíne fuil chorda ar iarratas ón fhoireann oinceolaíochta/haemaiteolaíochta i OLCHC agus sa Chaisleán Nua.

> **“Tá an Banc Fíocháin ag an LNF comhdhéanta de Bhanc Náisiúnta na Súl, an Banc Croíchomhlaí agus an Banc Fuil Chorda Imleacháin Dírithe/Siblíne.”**

# Seirbhís Náisiúnta Aifiréise Teiripí

Tá an roinn Aifiréise Teiripí lonnaithe sa Lárionad Náisiúnta Fola agus in MRTC Chorcaí agus cuireann sí cóireálacha Aifiréise Teiripí ar fáil d’othair sna príomh-ospidéil i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Cuirtear na cóireálacha seo ar fáil ar iarratas ó fhoireann cúram mhíochaine phríomhúil an othair. Seirbhís éileamh-bhunaithe í seo, arb é buaicphointí agus umair ceann dá príomhthréithe, agus déantar gach cóireáil i suíomh ospidéil ghéarmhíochaine. Déantar na gnáthaimh aifiréise ar othair le mí-oird haemaiteolaíochta, duánach, néireolaíochta nó heipiteolaíochta atá neamhghnách agus, go minic, bagrach don bheatha.


Tá Haemaiteolaí Comhairleach de chuid LNF agus MRTC i gceannas na seirbhíse i ngach ionad agus déantar measúnú míochaine ar gach othar ag sainfhoireann míochaine LNF agus MRTC. Tá sainfhoireann míochaine LNF agus MRTC ar fáil le comhairle a thabhairt maidir le gach gnáthamh agus caithfidh siad a bheith i láthair do na chéad ghnáthaimh d’othair géarbhreoite agus, freisin, i gcás gnáthamh coimpléascach. Ar acht go bhfuil an t othar aclaí agus go meastar an chóireáil a bheith oiriúnach, riartar agus bainistítear cóireálacha ag altraí aifiréise teiripí sainoilte i LNF agus sainfhoireann Míochaine agus RGN i MRTC. Malartú Plasma atá i gceist le bunús na ngnáthamh aifiréise teiripí, ach cuimsíonn cóireálacha eile, Malartú/Laghdú Ceall Deargfhola, Leocalaghdú agus Ídiú Pláitíní, etc.

### Treochtaí bliantúla na nGnáthamh Náisiúnta Aifiréise:

Ba é líon iomlán na ngnáthamh a rinneadh i 2012, 132(LNF) agus 174(MRTC). An dá bhliain roimhe sin:

| LNF | | MRTC | |
|---|---|---|---|
| 2010 | 216 | 2010 | 179 |
| 2011 | 237 | 2011 | 197 |

## Teiripic Náisiúnta




| | Ean | Feabh | Márt | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | M.Fó | D.Fó | Sam | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2012 | 17 | 10 | 29 | 38 | 28 | 18 | 14 | 18 | 48 | 53 | 19 | 14 |
| 2011 | 9 | 17 | 29 | 58 | 25 | 51 | 45 | 35 | 38 | 33 | 30 | 32 |
| 2010 | 20 | 32 | 47 | 49 | 31 | 42 | 30 | 33 | 24 | 18 | 22 | 50 |


### Cineál agus Speisialtacht Gnáthamh

**LNF:** Ba mhalartú plasma bunús na ngnáthamh a rinneadh (líon=129).
Ar na gnáthaimh eile bhí Leocalaghdú (l=1), Ídiú pláitíní (l=2)
Cóireáladh 25 othar in iomlán, ar a raibh:
Néireolaíocht l = 11 othar (60 gnáthamh)
Neifreolaíocht l = 8 othar (48 gnáthamh)
Haemaiteolaíocht l = 5 othar (22 gnáthamh)
Heipiteolaíocht l = 1 othar (2 gnáthamh)
**MRTC**: Malartú Plasma a bhí sna gnáthaimh a rinneadh (l=174)


### Gnáthaimh in Ord Tosaíochta

Rangaítear gach cás mar:
**Éiritheach:** éilítear cóireáil do mhí-oird bhagracha i rith an lae nó istoíche.
**Práinneach:** bíonn cóireáil de dhíth ar mhí-oird a éilíonn cóireáil ag deirí seachtaine nó ar laetha saoire poiblí.
**Cothabháil:** gnáthaimh phleanáilte neamhphráinneacha a dhéantar d'othair sheachtracha le linn croí-uaireanta. Rangaítear bunús na ngáthamh mar, Práinneach / Éiritheach.

## Gnáthaimh in Ord Tosaíochta




## Líon gnáthamh de réir chatagóir ASFA (LNF)



# Seirbhís Náisiúnta Aifiréise Teiripí

### Cumann Mheiriceá don Aifiréis (ASFA) – Catagóirí

Rangaítear gach cóireáil de réir Chatagóirí Táscaire ASFA-2010, catagóirí fianaise-bhunaithe a chuimsíonn boinn anailíse do cháilíocht na fianaise maraon le treise an mholta a dhíoraítear ón fhianaise.

**Catagóir 1** – Teiripe inghlactha caighdeánach, príomhúil nó tacúil le cóireálacha eile.

**Catagóir 2** – Teiripe tacúil, tacaíonn an fhianaise atá ar fáil lena éifeachtúlacht.


**Catagóir 3** – Gan leorshonraí chun éifeachtúlacht na haifiréise a chinneadh.

**Catagóir 4** – Léiríonn an fhianaise go bhfuil aifiréis theiripeach neamhéifeachtúil.

Rinneadh **132** gnáthamh in iomlán:

**Catagóir 1 (I = 111), Catagóir 2 (I = 12), Catagóir 3 (I = 9).**


## Gnáthaimh de réir Ospidéil, LNF




### Líon Gnáthamh in aghaidh ospidéil 2012 (NBC)

| AMNCH | Mater | SVUH | BSH | Beacon |
|---|---|---|---|---|
| 54 | 6 | 63 | 10 | 2 |

## Gnáthaimh de réir Ospidéil MRTC




### Líon Gnáthamh in aghaidh ospidéil 2012 (NBC)

| CUH | MUH | BSH |
|---|---|---|
| 54 | 6 | 63 |

### Frithghníomh Díobhalach (LNF)

D'fhulaing 7 othar frithghníomhartha díobhálacha éadroma/measartha (5 éadrom agus 2 measartha). Sannadh iad seo do: Ciotráit I=4, Galar I=3. Níor cláraíodh aon fhrithghníomhartha géara.

# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

Feidhmíonn Haemafhaireachas chun faisnéis a bhailiú agus a mheas faoi éifeachtaí fuilaistriúcháin nach raibh súil leo nó a bhí neamh-inmhianaithe, agus chun a dtarlú nó atarlú a chosc. Comhordaíonn an Oifig Haemafhaireachas Náisiúnta (OHN), lonnaithe i SFAÉ, an haemafhaireachas in Éirinn, agus ina shaolré dhá bhliain déag (2000-2012) tuairiscíodh 3,349 frithghníomh aistriúcháin agus teagmhais throma dhíobhálacha in iomlán i dtráth na tuarascála seo. Lean an Dr. Ian Franklin, Stiúrthóir Míochaine agus Eolaíochta SFAÉ, dá ról mar Stiúrthóir an ONH. Déanann an ONH comhthadhal le Oifigigh Haemafhaireachais (HVO) atá lonnaithe in ospidéil ar fud na hÉireann agus na comhairleoirí míochaine a bhfuil cúraimí haemafhaireachais acu, agus tugann sé tacaíocht dóibh. Ina theanntasan, coinníonn an ONH teagmháil le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais.

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEs) – éigeantach agus neamh-éigeantach

D'athbhreithnigh agus ghlac an ONH le SAEs éigeantacha a bhí bainteach le cáilíocht agus sábháilteacht fola, faoi threoir Fola an AE 2002/98/CE, maraon le SAEs neamhéigeantacha a bhain leis an ghné chliniciúil d'aistriú fola. Tháinig na tuairiscí seo ó shaoráidí, bainc fola ospidéil agus forais fola, agus chuimsigh siad neasteagmhais a tharla sna saotharlanna, áit nach bhfuair othair aistriúcháin. Tuairiscíodh faoi chéad a seacht déag SAEs éigeantacha, nó 51% de na SAEs uile. Ina theanntasan, tuairiscíodh 113 SAEs neamh-éigeantacha, a bhain, go príomha, le meancóga i gceantair chliniciúla, faoi dhualgas ghairmiúil, nó 49% de na SAEs uile.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARs) – éigeantach agus neamh-éigeantach

Ghlac an LNF le 137 SARs, mar sna blianta roimhe seo, bhí siad sna catagóirí de Fhrithghníomhartha Fuilaistrithe Ailéirgeacha Anaifileachtacha Géara agus Frithghníomhartha Neamh-haemalaíocha Fiabhrasacha. Ba é céad tríocha a haon SAR an critéir do thuairisc éigeantach faoin Treoir 2002/98/CE, agus bhí sé SAR ina raibh plasma SD i gceist, neamh-éigeantach.

## Fógra bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Throma Dhíobhálacha (ANSARE)

Chun bheith géilliúil do Threoir an Choimisiúin 2005/61/CE, Iarscríbhinn IID agus IIIC d'ospidéil a dhéanann fuilaistriú, ní mór do gach ospidéal a dhéanann fuilaistriú agus gach foras fola (AE) an fhoirm ANSARE a chomhlánú agus a chur chuig an ONH. Ghlac an ONH le dhá chéad daichead a hocht tuairisc éigeantacha i 2012, agus tá tuairisc ANSARE á chomhlánú fad a scríobhtar seo.

## Comhdháil Bhliantúil ONH

Reáchtáladh Comhdháil Náisiúnta ONH in Óstán Burlington, Baile Átha Cliath Dé Luain, 26ú Samhain 2012, le breis agus 200 teachta a bhfuil cúlraí ildisciplíne acu i láthair. Féachtar ar an chomhdháil mar dheis luachmhar chun líonraithe, agus chun athfhócas a dhíriú ar ghnéithe cliniciúla

# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

den Haemafhaireachas trí thuairimí agus taithí a chomhroinnt.

Ina aitheasc tosaithe, d'aibhsigh an tOllamh John Crown, Oinceolaí Comhairleach, an méid a chuir haemafhaireachas le cleachtas fuilaistrithe sábháilte, go háirithe an tábhacht atá le gá agus sainriachtanais fuilaistrithe na n-othar a shásamh. Labhair dhá phríomh-chainteoirí, Mr. Toby Richards, Mainlia Soithíocht Comhairleach, agus an Dr. Alwyn Kotze ar an tábhacht atá le bainistiú fhuil na n-othar agus cóireáil ainéime réamhobráide.

## Bord Leigheasraí na hÉireann (IMB)

Is é IMB an tÚdarás Inniúil chun gach gné de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus reáchtáladh cruinnithe rialta chun cásanna a athbhreithniú leis an ONH agus teagmhais thuairiscithe a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach na gclár oiliúna inseirbhíse ag ospidéil, agus oideachas fuilaistrithe do mhic léinn altranais agus eolaíocht na saotharlainne míochaine, trí oibriú go dhlúth le HVO ospidéalbhunaithe. Ina theanntasan, tá iarrachtaí ar bun chun oideachas aistriúcháin agus oiliúint fuilaistriú-shonrach a leathnú don fhoireann leighis.

## Tionscnaimh Oideachas Haemafhaireachais ag DCU

De bharr cúinsí nua in Ospidéil na hÉireann iarchuireadh na modúil Haemafhaireachais a bhí á dtairiscint i gcomhar le Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) le linn 2012. Shainaithin suirbhé a rinneadh i 2011 go bhfuil gá leanúnach le oideachas iarchéime, ach i bhformáid athchóirithe. Forbraíodh moladh, mar sin, modúil amháin 10 gcreidiúint a thairiscint i 2013. Bheadh athchóiriú an chláir ag teacht le tiomantas ONH tacaíocht agus oideachas leanúnach a sholáthar ar chleachtas sábháilte fuilaistrithe agus tiomantas SFAÉ oibriú le forais acadúla chun bonn taighde a fhorbairt (Plean Straitéiseach Sheirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hÉireann 2010-12).

## r-Fhoghlaim

Rinne SFAÉ an chláir r-fhoghlama 'Learnbloodtransfusion' a cheadúnú agus a sholáthar d'ospidéil trí LearnProNHS. D'fhorbair an Scottish National Blood Transfusion Service (SNBTS) an clár seo, leis an ONH agus SFAÉ ag cur ábhar eagarthóireachta leis. I 2012, cuireadh modúil maidir le toiliú othair d'fhuilaistriú, agus chuir an ONH/SFAÉ agus foireann na n-ospidéal athbhreithniú fairsing ar fáil ar an mhodúil saotharlainne. Tá nócha a dó shuíomh Éireannacha cláraithe sa chlár. Cuimsíonn seo foirne ospidéil agus fochéimithe cúram sláinte i roinnt ollscoileanna atá ag déanamh na modúil mar chúrsa éigeantach. Ag deireadh 2012, as an bhreis agus 12,000 úsáideoir a chláraigh don chlár, bhí 53% ina n-altraí, 28% ina mbaill foirne leighis agus an 19% eile ina n-eolaithe míochaine, fleibeatóimithe, póirtéirí agus mic léinn.

# Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR)

Teiripe sábhála beatha d'othair áirithe a bhfuil leoicéime, siondróim teip smeara agus mí-oird áirithe ó dhúchas orthu is ea trasphlandú na cille fuilghinte sinsir. Don iliomad othar nach bhfuil acu an rogha is fearr de shiblín lánmheaitseáilte, soláthraíonn deontóir neamhghaolmhar ó cheann den 21 milliún deontóir saorálach ar fud an domhain, rogha oiriúnach dóibh.

Chun freastal ar an ghá atá le deontóirí ceall fuilghinte sinsir d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta, bunaíodh Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR) i 1989. Ó 2001 i leith, úsáideann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha um Histea-chomhoiriúnacht Imdhíoneolaíochta (NHIRL) modhanna DNA ar fad chun na deontóirí uile atá cláraithe ar an phainéal neamhghaolmhar a thíopáil.

Faigheann an chlárlann ceadúnas ó Bhord Leigheasraí na hÉireann faoi Threoir Fíocháin an AE 2004/23/CE.

I Lúnasa 2012, ceapadh an Dr. Diarmaid Ó Donghaile mar stiúrthóir míochaine na clárlainne, arna fhilleadh dó ó Institiúidí Náisiúnta Sláinte na SA.

## Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991 i leith, tá IUBMR cláraithe le Cumann Domhanda na nDeontóirí Smeara (WMDA), eagraíocht a leagann síos na caighdeáin oibríochtúla do chlárlanna smeara ar fud an domhain. Faoi láthair roghnaítear 75% de na deontóirí ó chlárlanna atá creidiúnaithe ag WMDA.

Bhain IUBMR stádas creidiúnaithe tagarmhairc amach le WMDA i 2007, an 8ú Clárlann ar Domhan. Táthar dian maidir le coinneáil Creidiúnaithe, le athbhreithniú bliantúil agus cigireacht ar láithreán gach ceithre bliana. Bhí an chéad chuairt ar láithreán IUBMR ag baill chreidiúnaithe WMDA go luath i 2012 agus ina dhiaidh thug WMDA lánchreidiúnú clárlainne dó. Ní bhfuair ach 10 clárlann lánchreidiúnú go dtí seo.

## Cuardaigh Deontóra d'Othair Éireannacha

Lorgaíonn an chlárlann deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ar Dheontóirí Smeara Domhanda (BMDW) thar ceann Lárionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas (SJH) agus Ospidéal Mhuire do Pháistí, Cromghlinn (OLCH). I 2012, tarchuireadh seasca a hocht (68) othar chuig IUBMR le haghaidh cuardach neamhghaolmhar.

Tarchuireadh tríocha (30) othar le haghaidh cuardaigh neamhghaolmhair i 2012 agus trasphlandaíodh iad i 2012, freisin. Tá ocht gcás déag (18) oscailte go fóill; chuir an Ionad Trasphlandaithe ceann déag (11) ar ceal; tá cúig (5) ar feitheamh toisc go bhfuil na hothair folláin go cliniciúil agus nach bhfuil trasphlandú de dhíth orthu. Sainaithníodh deontóirí siblíne do bheirt (2) othar agus aistríodh beirt (2) othar go hionad trasphlandaithe eile.

## Faighteoirí Smeara agus PBSC

Fuair daichead a haon (41) othar Éireannach gaschealla ó dheontóir neamhghaolmhar i 2012. Foinsíodh tríocha a trí (33) deonachán gaschille ón Eoraip, lena n-áirítear Éire ceithre (4) agus ocht (8) ó lasmuigh den AE (Fig.).

# Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann (IUBMR)

Díríodh bunús na bhfoinsí trasphlandaithe (22) ó ghascheallа fola forimeallacha (PBSC), ansin smior (17) agus cordaí (2). Bhí comhoiriúnú de dhéine laghdaithe (RIC) ag cúigear déag (15) othar a fuair PBSC. Bhí duine déag (27%) de na hothair a trasphlandaíodh thar 50 bliain d'aois.


Ba iad na tásca ba choitianta d'othair a trasphlandaíodh i 2012 ná AML/MDS (32)47%, Liomfómaí faighte (13)19% agus Ainéimí ó dhúchas (6)9%, ALL (6)9%, Mialófiobróis (4)6%. Mí-oird mheitibileacha ó dhúchas (2)3%, eile (5)7%.

## Deontóirí Éireannacha

Earcaíonn altra earcaíochta smeara na saorálaithe smeara i gclinicí deonachán fola dhá lá sa tseachtain. I mbliana mhéadaigh an earcaíocht ó 633 i 2011 go 1,123 de bharr athruithe sna próisis earcaíochta. Le breis daonchumhachta ar fáil, bhíothas in ann bunachar sonraí deontóra a fhorbairt. Rinneadh r-theagmháil le deontóirí agus treoraíodh iad chuig clinicí deonacháin fola ar bhealach eagraithe. Cheadaigh seo próiseáil iarratas díomhaoin a iontráil sa chlárlann, a bhí cheana ar shuíomh gréasáin SFAÉ.

Nuair a sainaithnítear deontóirí Éireannach mar mheaits fhéideartha d'othair, cuirtear comhairle agus athbhreithniú míochaine orthu ag an altra clárlann

### Trasphlandálacha IUBMR a Éascaíodh ó Dheontóirí Éireannacha agus Idirnáisiúnta 2002-2012



smeara. Glactar samplaí le haghaidh tíopála de leibhéal níos airde agus marcóirí galar ionfhabhtaíocha (IDMs).


Más meaits oiriúnach an deontóir don fhaighteoir féideartha, tosaíonn an deontóir próiseas ullmhaithe a chomhordaítear le Ospidéal San Séamas, an t-ionad bailiúcháin d'aosaigh.

Feicfidh Stiúrthóir Míochaine/ainmní IUBMR an deontóir, maraon le lia leighis neamhspleách agus an comhairleoir a bheidh ag gabháil den ghnáthamh bailithe, chun oiriúnacht an deontóra don ghnáthamh a mheas. I 2012, dheonaigh cúig (5) deontóir PBSC agus dheonaigh beirt (2) smior.


## Imeachtaí Idirnáisiúnta

Fuarthas réamhchuardaigh thar ceann trí chéad (300) othar idirnáisiúnta, ar gníomhachtaíodh nócha (90) acu, de bharr iarratas ar thíopáil bhreise. Rinne triúr (3) deontóirí PBSC a dheonadh d'othair idirnáisiúnta. Chuaigh an trí deonachán uile chuig ionaid thrasphlandaithe Eoraipeacha.

**Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann: Deonacháin Gaschille Deontóirí Neamhghaolmhara na hÉireann 2002-2012**



# Cáilíocht & Comhall




**“Rinne comhairleoirí seachtracha athbhreithniú cuimsitheach ar an fheidhm Cáilíochta le linn na bliana, d’fhonn feidhmiú na cáilíochta laistigh de SFAÉ a athchumrú agus tacú le riachtanais athraitheacha na heagraíochta.”**

# Cáilíocht & Comhall

Rinne comhairleoirí seachtracha athbhreithniú cuimsitheach ar an fheidhm Cáilíochta le linn na bliana, d'fhonn feidhmiú na cáilíochta laistigh de SFAÉ a athchumrú agus tacú le riachtanais athraitheacha na heagraíochta. Imlíníodh plean, gearr go meántéarmach, ar ghá é a sheachadadh laistigh de thréimhse 3-5 bliana.

Cruthóidh na hathruithe seo, maraon le athruithe pearsanra de bharr imeacht/scoir ball foirne, fíordhúshlán d'fheidhm na Cáilíochta, i dtéarmaí choinneáil na gcaighdeán agus na n-ardleibhéal sábháilteachta sa todhchaí.

Bíonn tionchar ag an fhócas leanúnach ar laghdú costas/éifeachtúlacht costas, ar gach clár oibre laistigh de SFAÉ agus tá géarghá tacú le Cáilíocht san iarracht seo.

Déanann BLÉ (IMB) iniúchtaí rialála lena chinntiú go leanfar le ceadúnú SFAÉ mar Fhoras Fola agus Fíocháin agus mar dháilitheoir táirgí leighis.

Le linn 2012, d'iniúchaigh Bord Leigheasraí Éireann SFAÉ go rialta, le 5 scrúdú láithreáin. Ardaíodh 17 cás neamhchomhaill in iomlán, ceann acu an-tábhachtach.

Bhain an neamhchomhall tábhachtach le moill ar cháipéisíocht laistigh den Chóras Bainistíochta Cáilíochta. Cuireadh freagra mionsonraithe chuig an údarás rialála agus glacadh leis.

Chomh maith le iniúchtaí an údaráis rialála, tá clár cuimsitheach d'iniúchtaí inmheánacha bliantúla ag SFAÉ. Clúdaíonn a scóip gach gné d'imeachtaí SFAÉ ó chlinicí deontóra go seoladh agus dáileadh táirgí.

Rinneadh 43 iniúchadh comhaill go hinmheánach i rith 2012, ag clúdach na n-ionad uile.

Ina theanntasan, rinne SFAÉ, nó bhí sí páirteach i, 5 iniúchadh díoltóra. Rinneadh roinnt acu seo i gcomhar le Seirbhísí Fola eile san AE, mar chuid d'oibríochtaí tairisceana.

Thuairiscigh an fheidhm Cáilíochta ar shainmhéadrachtaí go ráithiúil i rith na bliana. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an ábhar seo agus ar a bhformáid mar chuid d'athruithe sa Chóras Cáilíochta.

Ba é 70% méid na rátaí clabhsúir do theagmhais inmheánacha faoi dheireadh na bliana, in aghaidh sprice de >80% clabhsúir. Bhí an ráta clabhsúir do ghearáin táirge ag 77.5% ag deireadh na bliana, in aghaidh sprioc de 90% clabhsúir. Ceanglaíodh seo le neamhchomhall an-tábhachtach maidir le iniúchtaí rialála. Cuireadh córas fócais níos daingne, athbhreithniú agus monatóireacht rialta i bhfeidhm chun spriocanna a aimsiú. Tomhaistear na gearáin Seirbhísí Deontóra, freisin, i leith clabhsúir: faoi dheireadh na bliana aimsíodh clabhsúr 98%, do 270 gearán in iomlán, rud a sháraigh an sprioc de 90% clabhsúir.

Níor aimsíodh lánfheidhmiú SMART CAPA i rith 2012, de bharr srianta foinsithe. Beidh seo ina aidhm shoiléir don fheidhm Cáilíochta i 2013.

D'fheabhsaigh an tionscadal leanúnach náisiúnaithe SOP le linn 2012 le 974 SOP náisiúnta seachadta faoi dheireadh na bliana. Comhfhreagrach leis sin, tharla laghdú foriomlán ar líon na SOPs de 18%.

# Cáilíocht & Comhall

Déantar dlúthmhonatóireacht, freisin, ar Aisghairm Táirgí laistigh den Chóras Bainistithe Cáilíochta, le 229 aisghairm náisiúnta imscrúdaithe le linn 2012. Cé gur mhéadú é seo ar fhigiúr de 212 i 2011, rud ab ionann agus méadú 8%, dhaingnigh sé le blianta beaga anuas.

Feidhmíonn SFAÉ roinnt córas faireachais, freisin, i leith faire iarmhargaidh ar tháirgí. Cláraíonn an fheidhm Cáilíochta sraith amhrasta Frithghníomhartha Díobhálacha (sSARs) agus sraith amhrasta Teagmhais Dhíobhálacha (sSAEs) agus tuairiscítear iad do BLÉ agus don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais. Le linn 2012, rinne SFAÉ 132 SARs amhrasta agus 59 SAEs amhrasta a thuairisciú.

Tá córas cuimsitheach ann, freisin, chun teagmhais Faireachas Deontóirí a cheapadh laistigh den Chóras Bainistithe Cáilíochta. Tuairiscíodh 525 cás in iomlán le linn 2012.

Glacann gach saotharlann tástála i SFAÉ páirt sna scéimeanna um Ráthú Cáilíochta Seachtrach (EQAS). Glacadh leis go raibh páirtíocht na saotharlanna uile sásúil i rith 2012.

# Úsáid Fuinnimh



**“Tá beagnach dhá thrian den fhuinnimh a úsáidtear i LNF agus IARM á úsáid sna saotharlanna Táirgthe agus Tástála.”**

# Úsáid Fuinnimh

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2011

Tá príomh-úsáideoirí fuinnimh SFAÉ lonnaithe in ár n-áiseanna próiseála agus tástála: as an fhuinneamh uile a chaitheann an eagraíocht, baineann 81% den iomlán leis an Lárionad Náisiúnta Fola, 10% le Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan, 5% lenár gcabhlach feithicil agus an fuílleach de 3% lenár sé ionad réigiúnacha.

Tá beagnach dhá thrian den fhuinnimh a úsáidtear i LNF agus IARM á úsáid sna saotharlanna táirgthe agus tástála: mar shampla, úsáidtear an chumhacht do na próisis táirgthe agus tástála, d'fhuarstóráil táirgí fola agus imoibrithe, agus d'áiseanna mar aerchóiriú chun críche táirgthe.

Tá soilsiú, trealamh oifige, agus aerchóiriú oifigí freagrach as an gcuid eile den fhuinneamh sna háiseanna seo.

I 2012, chaith SFAÉ 11,143 MWh fuinnimh, laghdú 3% ar an fhuinneamh a caitheadh i 2011. Tá an miondealú ar fhigiúirí 2012 mar a leanas:

- 5,252 MWh leictreachais nó laghdú 3% ar fhigiúr 2011;
- 5,890 MWh de bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear 5,288 MWh de ghás aiceanta agus 603 MWh de bhreoslaí iompair. Bhí méadú de 5% ar ghás aiceanta 2011.

## Cúlra do choigealtas fuinnimh

Críochnaíodh tógáil an Lárionaid Náisiúnta fola i 1999, agus corpraíonn sé go leor gaireas sábhála fuinnimh mar atá, tiomántáin athraitheacha luais ar chaidéil agus ghaothráin. Optaimíonn an eagraíocht i gcónaí feidhmiú gaireas dá sórt, d'fhonn coigealtas fuinnimh a uasmhéadú.

Feidhmíonn an eagraíocht laistigh de Chóras Cáilíochta ina bhfuil diansmacht ar chúinsí inár seomraí fuara agus i bhfearais, agus diansmacht ar pharaiméidí imshaoil ar nós an teasa i saotharlanna.

Is gá géarscrúdú agus measúnú a dhéanamh roimh ré ar na hathruithe is mian linn a dhéanamh ar fhóntais chun fuinneamh a shábháil, chun a chinntiú go bhfuil a dtionchar ar tháirgí agus ar Chóras Cáilíochta na heagraíochta inghlactha ag an eagraíocht.

## Fachtóirí Seachtracha (aimsir)

Bhí an bhliain 2012 níos fuaire ná mar is gnáth (go háirithe an t-earrach agus an fómhar). Déanaimid ár gcaiteachas gáis aiceanta a riar le tagairt do na figiúir céime lae a fhoilsítear gach mí. Bhí iomlán na gcéimeanna lae do 2012 10%, níos airde ná 2011, ag tabhairt le fios go raibh 2012 10% níos fuaire ná 2011. Seo an chúis a raibh méadú 5% ar úsáid gáis aiceanta i 2012.

## Gníomhartha a glacadh ar láimh i 2012

I 2012, ghlac SFAÉ ar láimh raon tionscnamh chun feidhmíocht i gcúrsaí fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Thriallamar athruithe ar mhodh oibre an chórais aerchóirithe sa phríomhshaotharlann

tairgíochta, rud a d'fhéadfadh 80 MWh a shábháil sa bhliain. Glacadh léamha cáithnín agus baictéir le linn na trialach. Táthar ag fanacht ar an tuairisc bailíochta agus ag súil leis na hathruithe seo a fheidhmiú i 2013.

- Ghlac SFAÉ páirt i ngréasán an Nasc Fuinnimh do chomhlachtaí na hearnála poiblí a d'eagraigh Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI). Ní ceann den 100 príomhúsáideoirí fuinnimh san earnáil phoiblí é SFAÉ agus, mar sin de, tá coinne ag SFAÉ a bheith sa dara céim de chomhlachtaí na hearnála poiblí a fheidhmeoidh tuairisciú éigeantach fuinnimh do SEAI.

## Gníomhartha beartaithe do 2013

I 2013 tá ar intinn ag SFAÉ feidhmiú fuinnimh a fheabhsú trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Athruithe ar mhodh oibre an aerchóirithe sa phríomhshaotharlann táirgíochta, a luadh thuas agus a d'fhéadfadh suas le 80 MWh a shábháil sa bhliain.
- Aonad a úsáideann teicneolaíocht an chaidéil teasa a chur in áit aonaid aer-láimhseála a úsáideann eilimintí téite leictreachais, d'fhonn an fuinneamh a chaitear a laghdú go trian den luach tosaigh, agus an costas caipitiúil a aisíoc trí bhillí fuinnimh níos lú, laistigh de rud beag thar thrí bliana.
- Déanfar ball foirne a oiliúint agus a chlárú mar mheasúnóir um Rátáil Fuinneamh Tógála neamh-theaghlaigh, sa dóigh go mbeidh scil intí ag SFAÉ chun measúnuithe BER a dhéanamh ar ár n-áiseanna.
- Glacfaidh SFAÉ páirt leanúnach i ngréasán an Nasc Fuinnimh do chomhlachtaí na hearnála poiblí. Táimid ag súil go gcuirfidh SEAI SFAÉ ar sceideal i 2013 chun tosú ag tuairisciú ár sábhálacha fuinnimh i gcomparáid le bliain bunlíne ar aondul le 100 barrchomhlacht na hearnála poiblí. Is é an sprioc do gach comhlacht poiblí, caitheamh fuinnimh a laghdú 33% i gcomparáid lena bhunlíne, faoi 2020.



# Acmhainní Daonna

**“Tá Acmhainní Daonna dírithe i gcónaí ar fheabhsú straitéisí do na hacmhainní daonna inmheánacha. Cinnteoidh seo gur féidir le fostaithe riachtanais na ndeontóirí agus na n-othar a shásamh le linn na bliana seo.”**

## Acmhainní Daonna

Tá Acmhainní Daonna dírithe i gcónaí ar fheabhsú straitéisí do na hacmhainní daonna inmheánacha. Cinnteoidh seo gur féidir le fostaithe riachtanais na ndeontóirí agus na n-othar a shásamh le linn na bliana seo. I measc na dtionscadal do 2012 tá acmhainní daonna, bainistiú athruithe, oiliúint agus forbairt, seirbhísí leabharlainne, agus sláinte agus sábháilteacht.

## Tionscadail Oibríochtúla na nAcmhainní Daonna

Tá na tionscadail seo dírithe ar chultúr níos láidre cuntasachta a fhorbairt do bhainistiú na bhfostaithe, agus próisis chumasacha, éifeachtúla, trédhearcacha a sheachadadh, a éascóidh soiléire cumarsáide i mbainistiú foirne agus daoine aonair.

### Córas Tomhais agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Tá PMDS curtha i bhfeidhm go náisiúnta. Tá an oiliúint chuí curtha i gcrích ag an fhoireann uile agus tá sé á fheidhmiú go leanúnach i R4 2012 agus críochnófar é i R2 2013.

### Pleanáil Comharbachta

Tionscnaíodh dianbheart ar fud na heagraíochta chun plean comharbachta a fhorbairt le haghaidh rólanna criticiúla na heagraíochta. Rinneadh taighde agus cuireadh tuairisc ar fáil le moltaí. Ailíníodh na moltaí seo le pleananna forbartha feidhmíocht phearsanta laistigh den chóras PMDS chun iarrthóirí inmheánacha a fhorbairt.

### Athbhreithniú Riaracháin

Tá athbhreithniú curtha i gcrích ar fud na heagraíochta chun éifeachtúlachtaí a imscrúdú trí chomhchóras féideartha bainistíochta do sheirbhísí riaracháin atá coimpléascach agus criticiúil ó thaobh na sábháilteachta de.

### Tuairiscí Faisnéis Gnó

Forbraíodh tuairiscí deisce ar bhainistiú asláithreachta ó ranna díreach chuig bainisteoirí líne.

### Earcaíocht agus Roghnú

D'eisigh an Roinn Sláinte agus Leanaí, i 2008, Moratóir Earcaíochta atá i bhfeidhm go fóill. Níl cosaint laistigh den mhoratóir seo ach ag na príomhrólanna atá criticiúil maidir le leorbhailiú sábháilte agus próiseála táirgí fola, agus a dtreoracha, a choinneáil.

### Athdhíriú ar Bhainistiú Asláithreachta

Lamháil soláthar na dtuairiscí deisce faisnéis shoiléir do bhainisteoirí líne a chuirfidh ar a gcumas asláithreacht a bhainistiú ina ranna. Ag tacú leis na tuairiscí asláithreachta tá treoir chéim ar chéim a thabharfaidh cúnamh praiticiúil do bhainisteoirí chun asláithreachtaí na foirne a bhainistiú go héifeachtach. Ó aithnítear gur costas ar an eagraíocht an asláithreacht, is é laghdú asláithreachta i SFAÉ an sprioc atá againn.

## Tionscadal um Bainistiú Athruithe

Is é an sprioc do bhainistiú athruithe i SFAÉ feabhas a chur ar fhorbairt sheachadadh na seirbhíse dár n-othair agus do dheontóirí. Tá SFAÉ tiomanta do

# Acmhainní Daonna

chlár níos leithne athchóirithe seirbhíse laistigh den chonradh PSA. Is tosaíocht leanúnach é seo d'acmhainní daonna. Fanfaidh an bhéim ar chothú cultúr leanúnach athruithe ar dhóigh thráthúil a éascóidh seachadadh ardseirbhíse san aoráid chostas-bhraiteach seo.

Tá stádas roinnt tionscadal mar a leanas:

### Tionscnamh na Clinice Hibridí i gCorcaigh

Roimhe seo, ba fhoirne ar leith iad an fhoireann Aifiréis Pláitíní agus an t-ionad seasta Lánfhola, a bhí lonnaithe i bhfoirgneamh amháin ach iad ag feidhmiú go neamhspleách ar a chéile. D'fhonn coigilteas scála a aimsiú i gCorcaigh, nascadh an dá fhoireann seo le chéile. Bailíonn an fhoireann hibrideach lánfhuil agus deonacháin Aifiréis Pláitíní.

### Córas Uainchlár Uaireanta Carntha Tionscanta go Náisiúnta

Tionscnaíodh uaireanta oibre carntha laistigh de na foirne bailiúcháin. Lamhálann seo breis éifeachtúlachta i bpleanáil uainchláir agus i soláthar seirbhíse fíorama trí bhainistiú éifeachtach acmhainní laistigh de chóras uaireanta comhcheangailte.

### Athbhreithniú ar Iompar Seirbhísí

Is é an HSE an custaiméar is mó do tháirgí SFAÉ. Is é SFAÉ an phríomhfhoinse seachadta chuig na hospidéil. Shocraigh HSE tairiscint a dhéanamh maidir le bailiú/seachadadh fola, maraon le táirgí eile teasrialaithe. Tá próiseas cuimsitheach cumarsáide tosaithe leis an fhoireann iompair agus á chur chun cinn d'fhonn éifeachtaí riachtanacha a bhaint amach.

Athbhreithniú Phróiseas Deonacháin céim 3 (PBS)
Clár iomarcaíochta/athdháilte OOC na Trócaire (tá/níl)

## Oiliúint & Forbairt Chorparáide

Ba iad na príomhréimsí Oiliúna & Forbartha Corparáide i 2012, polasaí, gnáthaimh agus riarachán, sláinte comhshaoil agus oiliúint sábháilteachta do bhainisteoirí, don fhoireann agus do thionscadail.

Croí-luach de chuid SFAÉ is ea Foghlaim – 'táimid tiomanta d'fhoghlaim eagraíochtúil, d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta agus do thaighde ar bhonn leanúnach'. Chonacthas d'fheidhm Oiliúna agus Forbartha SFAÉ i 2012 gur tharla na himeachtaí seo a leanas, arb iad na riachtanais oiliúna éigeantacha agus forbairt leanúnach feabhsúcháin:

| Cláir Oiliúna & Forbartha Corparáideacha | Iomlán i Láthair |
|---|---|
| **Clár Treoshuímh Corparáidigh** | 29 |
| **Polasaithe & Gnáthaimh & Oiliúint Riaracháin, a chuimsíonn** | |
| • Scileanna Oifige MS éagsúla | 34 |
| • Scileanna Taighde Leabharlainne | 31 |
| • Oiliúint do Chroíchórais AD | 6 |
| **Cláir Oiliúna EH&S, lena n-áirítear** | |
| • Láimhsiú | 120 |
| • Deontóir - Láimhsiú | 78 |
| • Sábháilteacht Dóiteáin | 51 |
| • Maor Dóiteáin | 32 |
| • Eirgeanamaíocht / Feasacht ar Iompar Coirp (clinic) | 23 |
| • Measúnú Rioscaí Ceimiceacha | 21 |
| • Sábháilteacht Tiománaí | 15 |
| • Pleanáil d'Aslonnú Éigeandála | 48 |
| • Ionadaí Sláinte & Sábháilteachta | 5 |
| • Sábháilteacht Saotharlainne | 25 |
| • Measúnú Rioscaí Feidhmiúla | 15 |
| • Tuairisciú Tionóisce & Teagmhais | 6 |
| • Athnuachan Garchabhrach/Garchabhair Gairme | 44 |
| • Oiliúint i Sábháilteacht Gáis | 14 |
| • Sábhálaí Croí AED | 25 |
| **Forbairt Scileanna**<br>Scileanna Agallaimh, Bainistiú Tionscadail, Iniúchóir Cáilíochta Inmheánach, Réiteach Coinbhleachta, Scileanna Maoirseoireachta. | 12 |

# Acmhainní Daonna

## Scéim Oideachais Chuidithe SFAÉ

Deonadh airgead cúnaimh do bhreisoideachas i ndisciplíní éagsúla, lena n-áirítear Altracht, Eolaíocht Saotharlainne, Bainistiú Cáilíochta agus Sláinte Gairme. 5 iarratas nua i 2012.

## Tionscadail Leanúnacha

Clár um Bainistiú Feidhmíochta: chríochnaigh 86 Bhainisteoir an oiliúint, chríochnaigh 164 bhall foirne oiliúint agus chríochnaigh 44 bhall foirne a gcéad athbhreithniú Feidhmíochta. Comharbacht agus Pleanáil Scileanna teagmhais. Cumarsáid Inmheánach Nuachtlitir na Foirne le Nuashonrú Inlín.

## Seirbhísí Leabharlainne

Lean an Leabharlann ag brú agus ag tacú le riachtanais foghlama, taighde agus oideachais SFAÉ.

Cuireadh bróisiúr nua ar fáil a rianaigh ár seirbhísí agus leasaíodh ráiteas misin na Leabharlainne chun luachanna agus spriocanna SFAÉ a léiriú ar bhealach níos fearr. *"Is é misean Leabharlann SFAÉ feabhas foghlama, oideachais agus taighde a chur chun cinn i Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, trí sheirbhís leabharlainne nuálach a sholáthar don fhoireann uile agus trí scaipeadh faisnéise a fheabhsú ar shlí atá comhsheasmhach le luach foghlama na heagraíochta."*

Ag freagairt d'fhorbairt sheirbhís faireachais agus feasachta reatha na Leabharlainne, ceapadh liostaí r-phoist sainábhair, do thaighde gaschille, Heipitíteas E agus VCM. Coinníonn an Leabharlann anois 50 liosta sainábhair ar féidir leis an fhoireann síniú lena n-aghaidh agus nuashonraí a fháil ina réimsí sainspéise féin.

Riarann agus uaslódálann foireann na Leabharlainne go leanúnach, ábhar nua don Inlíon ar nós na ráiteas seachtainiúil ar Ábhar Irisí, barrscéalta seachtainiúla ón tionscal, ailt spéisiúla etc.

Thug foireann na Leabharlainne oiliúint ar ardscileanna cuardaigh, ag coinneáil na seisiúin do ghrúpaí nó do dhaoine aonair ar siúl i rith 2012. Soláthraíodh treoracha leabharlainne nua don fhoireann a bhí ag gabháil de bhreis staidéar.

Cuireadh breis íomhánna, ag léiriú stair na heagraíochta ó 1940 i leith, le Clárlann Grianghrafanna Digiteacha SFAÉ. Roinneadh na híomhánna leis an fhoireann tríd an Inlíon agus trí nuachtlitir I-ByTeS na foirne.

Lean an Leabharlann dá ról i gcóras cumarsáide inmheánach na heagraíochta, leis an Oifigeach Taighde/Leabharlannaí ag déanamh comheagarthóireacht ar nuachtlitir fhoireann SFAÉ, I-ByTeS, a foilsíodh i míonna Iúil agus Nollag.

Tháinig an tOifigeach Taighde/Leabharlannaí i láthair comdhálacha éagsúla laistigh den leabharlann agus den chumann taighde, freisin, chun caidreamh a chothú agus SFAÉ agus an branda giveblood a chur chun cinn. Thug roinnt grúpaí cuairt ar an leabharlann, lena n-áirítear mic léinn UCD a bhí ag staidéar do chúrsa iarchéime san Eolaíocht Leabharlainne agus Faisnéise. Thug an tOifigeach Taighde/Leabharlannaí dhá aoi-léacht i Scoil Leabharlainne SILS i UCD agus baineadh úsáid

as Leabharlann SFAÉ mar chás-staidéar do dhá thionscadal Capstone faoi bhainistiú sainleabharlanna.

## Sláinte agus Sábháilteacht Imshaoil

Tá tábhacht straitéiseach ag Sláinte agus Sábháilteacht Imshaoil laistigh den eagraíocht, agus tá cláir chuimsitheacha sláinte, sábháilteachta agus leas imshaoil á bhforbairt agus á bhfeidhmiú i gcónaí. Cuidíonn cláir dá shórt le comhall reachtach agus cothaíonn siad feasacht leanúnach ar shláinte agus ar shábháilteacht imshaoil laistigh den eagraíocht.

## Clár Oiliúna um Láimhsiú

Tá an clár oiliúna um láimhsiú ag forás i gcónaí agus leasaíodh an clár don fhoireann chliniciúil i 2012. D'fhreastail 200 ball foirne in iomlán ar an chlár oiliúna leasaithe um láimhsiú.

## Sábháilteacht Radaíochta

De réir an Achta um Chosaint Radaíochta 1991 (Ordú Lánaithe) 2000, ceapadh Comhairleoir um Chosaint Radaíochta nua i 2012. Tá an Comhairleoir um Chosaint Radaíochta ar fáil chun comhairle agus treoir a thabhairt don eagraíocht ar chúrsaí radaíochta, de réir mar is gá.

## Scéim Rothair don Obair (Bikes4Work)

Le spéis na foirne reáchtáladh an scéim Bikes4Work don cheathrú bliain as a chéile. Tosaíodh an scéim i 2009 tar éis don Rialtas briseadh cánach de shochar comhchineáil a thionscnamh chun cuidiú le fostóirí rothair agus an trealamh sábháilteachta a bhaineann leo a sholáthar d'fhostaithe agus iad a spreagadh chun rothaíochta chuig obair.

## Folláine Ionad Oibre

Mar chuid den tSeachtain Sláinte agus Sábháilteachta i nDeireadh Fómhair 2012, cuireadh Uathoiliúint sa Dhífhibrithleoir Croíshábhála Seachtrach (Dearfa ag Foras Croí na hÉireann) ar fáil don fhoireann uile ar fud na heagraíochta. D'fhreastail 30 ball foirne ó ionaid éagsúla ar an oiliúint luachmhar seo.

# Airgeadas

**Dréacht-Achoimre na gCuntas don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2012:**

| | 2012 €'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 78,542 | 103,923 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 3,208 | 4,314 |
| **Ioncam iomlán** | **81,750** | **108,237** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **79,212** | **102,044** |
| Barrachas don bhliain | 2,538 | 6,193 |
| Caillteanas achtúireach ar an scéim phinsin | (12,504) | (12,217) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Caipitiúil | (343) | (681) |
| Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste Taighde | (56) | 159 |
| Barrachas/(easnamh) carntha ag 1ú Eanáir | (5,036) | 1,510 |
| Barrachas/(easnamh) carntha ag 31ú Nollaig | **(15,401)** | **(5,036)** |

## Ioncam

Ba é €81.75 milliún ioncam iomlán an Bhoird i 2012, (2011 €108.23 milliún) agus anailísítear é mar ioncam athfhillteach agus ioncam neamh-athfhillteach. Tá ioncam athfhillteach comhdhéanta d'ioncam a ghintear ó dhíol táirgí agus seirbhísí d'ospidéil, de luach €78.54 milliún (2011 €103.92 milliún). Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach de €3.20 milliún (2011 €4.31 milliún) lena n-áirítear ioncam Dheontas an HSE, ús ar thaiscí bainc agus fáltais ó dhíolachán sócmhainní seasta. Léiríonn an laghdú ioncaim, laghdú toirte agus laghdú ar ioncam Dheontas an HSE.

## Caiteachas

I 2012, bhí caiteachas de €79.21 milliún (2011 €102.04 milliún). Tharla an laghdú caiteachais go príomha toisc gur lean an clár laghdaithe costais a d'fheidhmigh an Bord i 2009.

Tugann an Bord cuntas ar phinsin de réir chaighdeán tuairiscthe airgeadais 17, 'Sochair Scoir' (FRS 17).

## Cúlchistí

Tá cúlchiste caipitiúil ag an Bhord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Le linn 2009, aistríodh €2 milliún chuig an chiste. Bhí iarmhéid de €8.02 milliún sa chiste don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2012.

I 2006, bhunaigh an Bord cúlchiste taighde. I 2012 cuireadh €56,000 leis an chúlchiste. (I 2011, caitheadh €159,000 ón chiste.)

## Caiteachas Caipitiúil

Le linn 2012, d'infheistigh an Bord €1.95 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus i dtrealamh (€1.46 milliún 2011).

I measc na bpríomh-infheistíochtaí le linn na bliana bhí tús caiteachais ar nua-Chórais Ríomhaireachta d'Fhorais Fola (BECS), an Córas Ordaithe Leictreonach nua, agus ionadú na bhfeithiclí teasrialaithe agus na n-aonad stórála pláitíní.

Bhí caiteachas athfhillteach ar ionadaí bhonneagar an ICT, lena n-áirítear Uasghrádú an Chroí-Laisc, agus fearas saotharlainne, agus fearas agus trealamh eile. Ina theanntasan, tabhaíodh caiteachas ar iomlánú uasghrádú an bhalla dóiteáin agus an chórais mhonatóireachta imshaoil.

## Reachtaíocht um Íoc Pras

Comhlíonann an Bord riachtanais na Reachtaíochta um Íoc Pras, ach sa mhéid a luaitear thíos. An gnáthchairde a ghlacann an Bord, mura shonraítear a mhalairt i sainsocruithe conartha, ná 30 lá ó fháil an tsonraisc nó ó dhearbhú ghlacadh na n earraí nó seirbhísí a chaithfear a íoc. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dár chríoch 31ú Nollaig 2012, faoi théarmaí reachtaíochta infheidhmithe, bhí sonraisc de luach €456,644.21, 34.61 lá mall ar an mheán. B'ionann sin agus 0.55% de réir lín agus 0.9% de réir luach na híocaíochtaí uile do sholáthróirí earraí agus seirbhísí le linn na bliana. Íocadh ús iomlán de €2,040.74 ar na híocaíochtaí malla uile. Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar a ghnáthaimh chun cuidiú le híoslaghdú an ama a ghlactar le fiosruithe agus sonraisc a réiteach.

# Sonraí Teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós an Chaisleáin Íochtarach
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Aturnaetha

Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Banc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**Lárionad Náisiúnta fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
f: 01/4322930
e:info@ibts.ie
www.giveblood.ie Eolaslíne deontóra 1850731137

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Nmh. Fionnbarra
Bóthair Dhúglais
Corcaigh
t: 021/4807400
f: 021/4313014

**Clinic Deontóra Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

**Clinc Deontóra Stigh Lorgan**
6 Sean-Bhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co Lú
t: 041/6859994
f: 041/ 6859996

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíoch Bhaile Chearnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
f: 059/9132163

Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**National Blood Centre**
An Lárionad Náisiunta Fola
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
R-phost: info@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Eolaslíne Deontóra 1850 731 137

deartha ag catalysto°